Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

►**B**

COUNCIL DECISION (CFSP) 2017/1775

of 28 September 2017

concerning restrictive measures in view of the situation in Mali

(IO L 251, 29.9.2017, lch. 23)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
►**M1**	Council Implementing Decision (CFSP) 2019/29 of 9 January 2019 (*)	L 8	30	10.1.2019
►**M2**	Council Implementing Decision (CFSP) 2019/1216 of 17 July 2019 (*)	L 192	26	18.7.2019
►**M3**	Cinneadh Cur Chun Feidhme ón Gcomhairle (CBES) 2020/9 an 7 Eanáir 2020	L 4 I	7	8.1.2020
►**M4**	Cinneadh cur Chun Feidhme (CBES) 2020/118 ón Gcomhairle an 27 Eanáir 2020	L 22	55	28.1.2020
►**M5**	Cinneadh (CBES) 2021/2208 ón gComhairle an 13 Nollaig 2021	L 446	44	14.12.2021
►**M6**	Cinneadh (CBES) 2022/157 ón gComhairle an 4 Feabhra 2022	L 25 I	7	4.2.2022
►**M7**	Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/2187 ón gComhairle an 8 Samhain 2022	L 288	82	9.11.2022
►**M8**	Cinneadh (CBES) 2022/2440 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022	L 319	68	13.12.2022
►**M9**	Cinneadh (CBES) 2023/431 ón gComhairle an 25 Feabhra 2023	L 59 I	434	25.2.2023

Arna cheartú le:

►**C1** Ceartúchán, IO L 47I, 20.2.2020, lch. 9 (2020/118)

(*) Níor foilsíodh an gníomh seo i nGaeilge.

▼B

COUNCIL DECISION (CFSP) 2017/1775

of 28 September 2017

concerning restrictive measures in view of the situation in Mali

Article 1

1. Member States shall take the necessary measures to prevent the entry into, or transit through, their territories of persons designated by the Sanctions Committee as responsible for or complicit in, or having engaged in, directly or indirectly, the following actions or policies that threaten the peace, security, or stability of Mali:

(a) engaging in hostilities in violation of the Agreement on Peace and Reconciliation in Mali (the 'Agreement');

(b) actions taken that obstruct, or that obstruct by prolonged delay, or that threaten the implementation of the Agreement;

(c) acting for or on behalf of or at the direction of, or otherwise supporting or financing individuals and entities identified in points (a) and (b), including through the proceeds from organised crime, including the production and trafficking of narcotic drugs and their precursors originating in or transiting through Mali, the trafficking in persons and the smuggling of migrants, the smuggling and trafficking of arms as well as the trafficking in cultural property;

(d) involvement in planning, directing, sponsoring, or conducting attacks against:

(i) the various entities referenced in the Agreement, including local, regional and state institutions, joint patrols and the Malian Security and Defence forces;

(ii) United Nations Multidimensional Integrated Stabilization Mission (MINUSMA) peacekeepers and other UN and associated personnel, including members of the Panel of Experts;

(iii) international security presences, including the Force Conjointe des États du G5 Sahel (FC-G5S), European Union Missions and French forces;

(e) obstructing the delivery of humanitarian assistance to Mali, or access to, or distribution of, humanitarian assistance in Mali;

(f) planning, directing, or committing acts in Mali that violate international human rights law or international humanitarian law, as applicable, or that constitute human rights abuses or violations, including those involving the targeting of civilians, including women and children, through the commission of acts of violence (including killing, maiming, torture, or rape or other sexual violence), abduction, enforced disappearance, forced displacement, or attacks on schools, hospitals, religious sites, or locations where civilians are seeking refuge;

▼B

(g) the use or recruitment of children by armed groups or armed forces in violation of applicable international law, in the context of the armed conflict in Mali;

(h) knowingly facilitating the travel of a listed person in violation of the travel restrictions.

The designated persons referred to in this paragraph are listed in ►M5 Iarscríbhinn I ◄.

2. Paragraph 1 shall not oblige a Member State to refuse its own nationals entry into its territory.

3. Paragraph 1 shall not apply where entry or transit is necessary for the fulfilment of a judicial process.

4. Paragraph 1 shall not apply where the Sanctions Committee determines, on a case-by-case basis, that:

(a) entry or transit is justified on the grounds of humanitarian need, including religious obligation;

(b) an exemption would further the objectives of peace and national reconciliation in Mali and stability in the region.

5. In cases where, pursuant to paragraph 3 or 4, a Member State authorises the entry into, or transit through, its territory of persons listed in ►M5 Iarscríbhinn I ◄, the authorisation shall be limited to the purpose for which it is given and to the persons concerned by the authorisation.

▼M5

Airteagal 1a

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun teacht isteach ina gcríocha, nó chun idirthuras trína gcríocha, a chosc i leith na ndaoine nádúrtha seo a leanas:

(a) atá freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais a bhagraíonn ar shíocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhailí, nó a bhí comhpháirteach go díreach nó go hindíreach iontu, amhail na gníomhaíochtaí nó na beartais sin dá dtagraítear in Airteagal 1, mír 1;

(b) a chuireann bac ar chur i gcrích rathúil aistriú polaitiúil Mhailí nó a bhaineann an bonn de, lena n-áirítear trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil nó ar an aistriú cumhachta chuig údaráis thofa nó an bonn a bhaint díobh; nó

(c) a bhfuil baint acu le daoine nádúrtha dá dtagraítear i bpointí (a) nó (b).

Liostaítear na daoine ainmnithe dá dtagraítear sa mhír seo in Iarscríbhinn II.

2. Ní chuirfear de cheangal le mír 1 ar aon Bhallstát teacht isteach chuig a chríoch féin a dhiúltú dá náisiúnaigh féin.

3. I gcás ina mbeidh Ballstát faoi cheangal ag oibleagáid faoin dlí idirnáisiúnta, beidh mír 1 gan dochar don chás sin, eadhon:

(a) mar thír óstach ar eagraíocht idir-rialtasach idirnáisiúnta;

(b) mar thír óstach ar chomhdháil idirnáisiúnta arna tionól ag na Náisiúin Aontaithe nó faoina gcoimirce;

▼M5

(c) faoi chomhaontú iltaobhach lena dtugtar pribhléidí agus díolúintí; nó

(d) de bhun Chonradh Idir-réitigh 1929 (Comhaontú na Lataráine) a tugadh i gcrích idir an Suí Naofa (Stát Chathair na Vatacáine) agus an Iodáil.

4. Beidh feidhm ag mír 3 freisin i gcásanna ina bhfuil an Ballstát ina thír óstach de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE).

5. Cuirfear an Chomhairle ar an eolas go cuí faoi gach cás ina dtugann an Ballstát díolúine de bhun mhíreanna 3 nó 4.

6. Féadfaidh na Ballstáit díolúintí ó na bearta a forchuireadh a dheonú faoi mhír 1 i gcás ina mbeidh údar leis ar fhorais an riachtanais dhaonnachtúil phráinnigh, nó ar fhorais go bhfuiltear ag freastal ar chruinnithe idir-rialtasacha nó ar chruinnithe atá á gcur chun cinn ag an Aontas nó á n-óstáil aige, nó atá á n-óstáil ag Ballstát a bhfuil Cathaoirleacht aige ar oifig ESCE, i gcás ina reáchtáiltear idirphlé polaitiúil a chuireann cuspóirí beartais na mbeart sriantach chun cinn go díreach.

7. Féadfaidh na Ballstáit díolúintí ó na bearta a forchuireadh a dheonú faoi mhír 1 más amhlaidh go bhfuil gá le teacht isteach nó le hidirthuras chun próiseas breithiúnach a chomhlíonadh.

8. Tabharfaidh aon Bhallstát ar mian leis díolúintí a dheonú dá dtagraítear i míreanna 6 nó 7 fógra don Chomhairle i scríbhinn ina leith. Measfar an díolúine sin a bheith deonaithe mura ndéanfaidh Ballstát amháin nó níos mó agóid i scríbhinn laistigh de 2 lá oibre tar éis fógra a fháil faoin díolúine atá beartaithe. Má dhéanann Ballstát amháin nó níos mó agóid, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, a chinneadh an díolúine atá beartaithe a dheonú.

9. I gcás, de bhun mhíreanna 3, 4, 6 nó 7 ina n-údaraíonn Ballstát teacht isteach ina gcríocha, nó idirthuras trína gcríocha do dhaoine a liostaítear in Iarscríbhinn II, beidh an t-údarú teoranta go docht don chuspóir ar chuige a thugtar é agus do na daoine lena mbaineann sin go díreach.

▼B

Article 2

1. All funds and economic resources owned or controlled directly or indirectly by persons or entities designated by the Sanctions Committee as responsible for or complicit in, or having engaged in, directly or indirectly, the following actions or policies that threaten the peace, security, or stability of Mali:

(a) engaging in hostilities in violation of the Agreement;

(b) actions taken that obstruct, or that obstruct by prolonged delay, or that threaten the implementation of the Agreement;

(c) acting for or on behalf of or at the direction of, or otherwise supporting or financing individuals and entities identified in points (a) and (b), including through the proceeds from organised crime, including the production and trafficking of narcotic drugs and their precursors originating in or transiting through Mali, the trafficking in persons and the smuggling of migrants, the smuggling and trafficking of arms as well as the trafficking in cultural property;

▼B

(d) involvement in planning, directing, sponsoring, or conducting attacks against:

(i) the various entities referenced in the Agreement, including local, regional and state institutions, joint patrols and the Malian Security and Defence forces;

(ii) MINUSMA peacekeepers and other UN and associated personnel, including members of the Panel of experts;

(iii) international security presences, including the FC-G5S, European Union Missions and French forces;

(e) obstructing the delivery of humanitarian assistance to Mali, or access to, or distribution of, humanitarian assistance in Mali;

(f) planning, directing, or committing acts in Mali that violate international human rights law or international humanitarian law, as applicable, or that constitute human rights abuses or violations, including those involving the targeting of civilians, including women and children, through the commission of acts of violence (including killing, maiming, torture, or rape or other sexual violence), abduction, enforced disappearance, forced displacement, or attacks on schools, hospitals, religious sites, or locations where civilians are seeking refuge;

(g) the use or recruitment of children by armed groups or armed forces in violation of applicable international law, in the context of the armed conflict in Mali;

(h) knowingly facilitating the travel of a listed person in violation of the travel restrictions;

or by persons or entities acting on their behalf or at their direction, or entities owned or controlled by them, shall be frozen.

The designated persons or entities referred to in this paragraph are listed in ►**M5** Iarscríbhinn I ◄.

2. No funds or economic resources shall be made available directly or indirectly, to or for the benefit of the persons or entities listed in ►**M5** Iarscríbhinn I ◄.

3. The measures referred to in paragraphs 1 and 2 shall not apply to funds and economic resources which the relevant Member State has determined to be:

(a) necessary for basic expenses, including payment for foodstuffs, rent or mortgage, medicines and medical treatment, taxes, insurance premiums, and public utility charges;

(b) intended exclusively for the payment of reasonable professional fees and reimbursement of incurred expenses associated with the provision of legal services; or

▼B

(c) intended exclusively for the payment of fees or service charges for routine holding or maintenance of frozen funds or economic resources;

after notification by the relevant Member State to the Sanctions Committee of the intention to authorise, where appropriate, access to such funds or economic resources and in the absence of a negative decision by the Sanctions Committee within five working days of such notification.

4. The measures referred to in paragraphs 1 and 2 shall not apply to funds or economic resources which the relevant Member State has determined to be:

(a) necessary for extraordinary expenses, provided that such determination has been notified by the Member State to the Sanctions Committee and has been approved by the Sanctions Committee;

(b) the subject of a judicial, administrative or arbitral lien or judgment, in which case the funds and economic resources may be used to satisfy that lien or judgment provided that the lien was entered into or judgment delivered prior to the date on which the person or entity was included in ►M5 Iarscríbhinn I ◄, the lien or judgment is not for the benefit of a person or entity referred to in paragraph 1 and has been notified by the Member State concerned to the Sanctions Committee.

5. Paragraphs 1 and 2 shall not apply where the Sanctions Committee determines, on a case-by-case basis, that an exemption would further the objectives of peace and national reconciliation in Mali and stability in the region.

6. Paragraph 1 shall not prevent a designated person or entity from making a payment due under a contract entered into prior to the listing of such a person or entity, provided that the relevant Member State has determined that the payment is not directly or indirectly received by a person or entity referred to in paragraph 1 and after notification by the relevant Member State to the Sanctions Committee of the intention to make or receive such payments or to authorise, where appropriate, the unfreezing of funds or economic resources for that purpose, 10 working days prior to such authorisation.

7. Paragraph 2 shall not apply to the addition to frozen accounts of:

(a) interest or other earnings on those accounts; or

(b) payments due under contracts, agreements or obligations that were concluded or arose prior to the date on which those accounts became subject to the restrictive measures provided for in this Decision;

provided that any such interest, other earnings and payments continue to be subject to paragraph 1.

▼M5

Airteagal 2a

1. Maidir le gach ciste agus acmhainn eacnamaíoch atá faoi úinéireacht nó faoi rialú go díreach nó go hindíreach ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí:

▼M5

(a) atá freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais a bhagraíonn ar shíocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhailí, nó a bhí comhpháirteach go díreach nó go hindíreach iontu, amhail na gníomhaíochtaí nó na beartais sin dá dtagraítear in Airteagal 2, mír 1;

(b) a chuireann bac ar chur ar chur i gcrích rathúil aistriú polaitiúil Mhailí nó a bhaineann an bonn de, lena n-áirítear trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil nó ar an aistriú cumhachta chuig údaráis thofa nó an bonn a bhaint díobh; nó

(c) a bhfuil baint acu le daoine nádúrtha dá dtagraítear i bpointí (a) nó (b),

déanfar iad a reo.

Liostaítear na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis nó comhlachtaí ainmnithe dá dtagraítear sa mhír seo in Iarscríbhinn II.

2. Ní chuirfear aon chiste ná acmhainn eacnamaíoch ar fáil, go díreach nó go hindíreach, do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, d'eintitis, nó do chomhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn II, ná chun a dtairbhe.

3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a scaoileadh, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil, faoi choinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur mar a leanas atá na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha lena mbaineann:

(a) go bhfuil gá leo chun freastal ar bhunriachtanais na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn II agus bhaill teaghlaigh chleithiúnacha na ndaoine nádúrtha sin, lena n-áirítear íocaíochtaí as earraí bia, cíos nó morgáiste, cógais agus cóir leighis, cánacha, préimheanna árachais, agus muirir fóntais phoiblí;

(b) go bhfuil siad ceaptha chun táillí gairmiúla réasúnta a íoc agus costais arna dtabhú a aisíoc, ar costais iad a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí, agus chuige sin amháin;

(c) go bhfuil siad ceaptha chun táillí nó muirir sheirbhíse a íoc as cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite a choinneáil nó a chothabháil ar bhonn rialta, agus chuige sin amháin;

(d) gur den riachtanas iad i gcás costais urghnácha, ar choinníoll go bhfuil fógra tugtha ag an údarás inniúil d'údaráis inniúla na mBallstát eile agus don Choimisiún maidir leis na forais ar a measann sé gur cheart údarú sonrach a dheonú, 2 sheachtain, ar a laghad, roimh an údarú; nó

(e) go bhfuil siad le híoc isteach i gcuntas misin taidhleoireachta nó chonsalaigh nó eagraíochta idirnáisiúnta a bhfuil díolúintí aige i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta nó ón gcuntas, a mhéid atá sé ceaptha na híocaíochtaí sin a úsáid chun críocha oifigiúla an mhisin taidhleoireachta nó chonsalaigh nó na heagraíochta idirnáisiúnta.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

4. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt cistí reoite nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil, ar choinníoll go comhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

▼M5

(a) go bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha faoi réir cinneadh eadrána a tugadh roimh an dáta a rinneadh an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht dá dtagraítear i mír 1 a liostú in Iarscríbhinn II, nó go bhfuil sé faoi réir cinneadh breithiúnach nó riaracháin a tugadh san Aontas, nó cinneadh breithiúnach atá in-fhorfheidhmithe sa Bhallstát lena mbaineann, roimh an dáta sin nó ina dhiaidh;

(b) ní bhainfear leas as na cistí ná na hacmhainní eacnamaíocha ach amháin chun éilimh a ráthaítear le cinneadh den sórt sin a chomhlíonadh nó chun éilimh a aithnítear mar éilimh bhailí sa chinneadh sin a chomhlíonadh, laistigh de na teorainneacha a leagtar síos le dlíthe agus rialacháin is infheidhme lena rialaítear cearta daoine a bhfuil na héilimh sin acu;

(c) ní chun leasa duine nádúrtha ná dhlítheanaigh, eintitis ná comhlachta a liostaítear in Iarscríbhinn II é an cinneadh; agus

(d) níl sé in aghaidh an bheartais phoiblí sa Bhallstát lena mbaineann an cinneadh a aithint.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

5. Ní chuirfear de chosc le mír 1 ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach, ar eintiteas nó ar chomhlacht atá liostaithe in Iarscríbhinn II, íocaíocht a dhéanamh atá dlite faoi chonradh nó faoi chomhaontú a rinneadh, nó faoi oibleagáid a tháinig chun cinn, roimh an dáta a liostaíodh an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht sin san Iarscríbhinn sin, ar choinníoll gur chinn an Ballstát lena mbaineann nach bhfaighidh duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1 an íocaíocht, go díreach nó go hindíreach.

6. Ní bheidh feidhm ag mír 2 maidir le breiseanna mar a leanas arna gcur le cuntais reoite:

(a) ús nó tuillimh eile ar na cuntais sin;

(b) íocaíochtaí atá dlite faoi chonarthaí, comhaontuithe nó oibleagáidí a tugadh i gcrích nó a tháinig chun cinn roimh an dáta a tháinig na cuntais sin le bheith faoi réir na mbeart dá bhforáiltear i míreanna 1 agus 2; nó

(c) íocaíochtaí atá dlite faoi chinntí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána a tugadh san Aontas nó atá in-fhorfheidhmithe sa Bhallstát lena mbaineann;

ar choinníoll gur faoi réir na mbeart dá bhforáiltear i mír 1 fós atá aon ús den sórt sin, agus tuillimh agus íocaíochtaí eile.

7. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla sna Ballstáit údarú a thabhairt cistí reoite nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil, faoi choinníollacha a mheasann siad a bheith oiriúnach, tar éis dóibh a chinneadh gur gá na cistí nó acmhainní eacnamaíocha sin a sholáthar chun críoch dhaonnúil, amhail seachadadh an chúnaimh a chur ar fáil nó a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó aistriú na n-oibrithe daonnúla agus cúnamh gaolmhar nó le haghaidh aslonnuithe as Mailí. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údaruithe arna ndeonú faoin Airteagal seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

▼**M5**

Airteagal 3

1. Bunóidh an Chomhairle an liosta atá in Iarscríbhinn I agus leasóidh sí é i gcomhréir le cinntí arna ndéanamh ag an gComhairle Slándála nó ag an gCoiste Smachtbhannaí.

2. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ó Bhallstát nó ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an "tArdionadaí"), an liosta in Iarscríbhinn II a bhunú agus a leasú.

Airteagal 4

1. I gcás ina n-ainmneoidh an Chomhairle Slándála nó an Coiste Smachtbhannaí duine nó eintiteas, cuirfidh an Chomhairle an duine nó an t-eintiteas sin san áireamh in Iarscríbhinn I. Cuirfidh an Chomhairle a cinneadh, lena n-áirítear forais an liostaithe, in iúl go díreach don duine nó don eintiteas lena mbaineann, más eol an seoladh, nó trí fhógra a fhoilsiú, ar choinníoll go mbeidh deis ag an duine nó ag an eintiteas sin barúlacha a chur i láthair.

2. Déanfaidh an Chomhairle an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 3(2), lena n-áirítear na forais leis an liostú, a chur in iúl go díreach don duine nádúrtha nó dlítheanach, don eintiteas nó don chomhlacht lena mbaineann más eol an seoladh, nó trí fhógra a fhoilsiú, trína dtabharfar deis don duine nádúrtha nó dlítheanach, don eintiteas nó don chomhlacht sin barúlacha a thíolacadh.

3. I gcás ina dtíolacfar barúlacha, nó i gcás ina dtíolacfar fianaise shubstaintiúil nua, athbhreithneoidh an Chomhairle a cinneadh agus cuirfidh sí an duine nó an t-eintiteas lena mbaineann ar an eolas dá réir sin.

Airteagal 5

1. Áireofar in Iarscríbhinn I na forais chun na daoine agus na heintitis a liostú dá bhforáiltear ag an gComhairle Slándála nó ag an gCoiste Smachtbhannaí.

2. Áireofar in Iarscríbhinn I freisin, i gcás ina mbeidh sí ar fáil, an fhaisnéis a chuirfidh an Chomhairle Slándála nó an Coiste Smachtbhannaí ar fáil chun na daoine nó na heintitis lena mbaineann a shainaithint. Maidir le daoine, féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh san fhaisnéis sin: ainmneacha lena n-áirítear ailiasanna; dáta breithe agus áit bhreithe; náisiúntacht; uimhreacha pas agus cárta aitheantais; inscne; seoladh, más eol; agus feidhm nó gairm. Maidir le heintitis, féadfaidh an méid seo a leanas a bheith ar áireamh san fhaisnéis sin: ainmneacha; áit agus dáta clárúcháin; uimhir chlárúcháin agus áit ghnó.

3. Áireofar in Iarscríbhinn II na forais chun na daoine nádúrtha agus dlítheanacha, na heintitis agus na comhlachtaí dá dtagraítear inti a liostú.

4. Beidh in Iarscríbhinn II freisin, i gcás ina mbeidh sí ar fáil, an fhaisnéis is gá chun daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí lena mbaineann a shainaithint. Maidir le daoine nádúrtha, féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh san fhaisnéis sin: ainmneacha agus ailiasanna; dáta breithe agus áit bhreithe; náisiúntacht;

▼M5

uimhreacha pas agus cárta aitheantais; inscne; seoladh, más eol; agus feidhm nó gairm. Maidir le daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí, féadfaidh an méid a leanas a bheith ar áireamh san fhaisnéis sin: ainmneacha; áit agus dáta clárúcháin; uimhir chlárúcháin; agus áit ghnó.

Airteagal 5a

1. Próiseálfaidh an Chomhairle agus an tArdionadaí sonraí pearsanta chun a gcúraimí faoin gCinneadh seo a chur i gcrích, go háirithe:

(a) a mhéid a bhaineann leis an gComhairle, chun leasuithe ar Iarscríbhinní I agus II a ullmhú agus a dhéanamh;

(b) a mhéid a bhaineann leis an Ardionadaí, chun leasuithe ar Iarscríbhinní I agus II a ullmhú.

2. Maidir le sonraí ábhartha a bhaineann le cionta coiriúla arna ndéanamh ag daoine nádúrtha liostaithe agus le ciontuithe coiriúla nó bearta slándála a bhaineann leis na daoine sin, ní fhéadfaidh an Chomhairle ná an tArdionadaí iad a phróiseáil, i gcás inarb infheidhme, ach amháin a mhéid is gá an phróiseáil sin chun Iarscríbhinní I agus II a ullmhú.

3. Chun críocha an Chinnidh seo, ainmnítear an Chomhairle agus an tArdionadaí mar "rialaitheoir" de réir bhrí Airteagal 3, pointe (8) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1], chun a áirithiú gur féidir leis na daoine nádúrtha lena mbaineann a gcearta a fheidhmiú faoin Rialachán sin.

Airteagal 5b

Ní shásófar aon éileamh i ndáil le haon chonradh ná idirbheart a ndearnadh difear dá bhfeidhmiú, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, leis na bearta a fhorchuirtear faoin gCinneadh seo, lena n-áirítear éilimh ar shlánaíocht ná aon éileamh eile den sórt sin, amhail éileamh ar chúiteamh nó éileamh faoi réir ráthaíochta, go háirithe éileamh ar shíneadh a chur le banna, ar ráthaíocht nó ar shlánaíocht nó iad a íoc, go háirithe ráthaíocht airgeadais nó slánaíocht airgeadais, i cibé foirm, más rud é gur ceann de na páirtithe seo a leanas a dhéanann an t-éileamh:

(a) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí arna n-ainmniú, a liostaítear in Iarscríbhinn II;

(b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú trí bhíthin nó thar ceann duine de na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, nó ceann amháin de na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (a).

Airteagal 6

1. Déanfar an Cinneadh seo a leasú nó a aisghairm mar is iomchuí, i gcomhréir le cinntí arna ndéanamh ag an gComhairle Slándála.

[1] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

▼**M5**

2. Beidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear in Airteagal 1a, mír 1 agus in Airteagal 2a, míreanna 1 agus 2, go dtí ►**M8** 14 Nollaig 2023 ◄ agus coimeádfar faoi athbhreithniú leanúnach iad. Déanfar iad a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.

▼**B**

Article 7

This Decision shall enter into force on the day following that of its publication in the *Official Journal of the European Union*.

▼M5

IARSCRÍBHINN I

▼M1

A. List of persons referred to in Article 1(1)

▼M4

1. **AHMOUDOU AG ASRIW (ailias: a) Amadou Ag Isriw b) Ahmedou c) Ahmadou d) Isrew e) Isereoui f) Isriou**

Dáta breithe: 1 Ean. 1982

Náisiúntacht: Mailí

Seoladh: a) Mailí b) Amassine, Mailí (iarsheoladh)

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 20 Noll. 2018

Faisnéis eile: Inscne: fireann. Seans gur gabhadh é sa Nígir i mí Dheireadh Fómhair 2016. Liostaithe de bhun mhír 1 go mír 3 de rún 2374 (2017) ón gComhairle Slándála (Toirmeasc Taistil). Leathanach gréasáin: https://www.youtube.com/channel/UCu2efaIUosqEu1HEBs2zJIw

Grianghraf ar fáil lena chur sa Fógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe:

https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals click here

Faisnéis bhreise

Liostaíodh Ahmoudou Ag Asriw ar an 20 Nollaig 2018 de bhun mhír 1 agus mhír 3 de rún 2374 (2017) as dul i mbun cogaíochta de shárú ar an gComhaontú; agus gníomhú ar son nó thar ceann na ndaoine aonair agus na n-eintiteas a shainaithnítear i bhfomhíreanna (a) agus (b) de mhír 8 de rún 2374 (2017), nó de dheasca gníomhú faoi stiúir na ndaoine aonair agus na n-eintiteas sin nó de bharr tacaíocht a thabhairt dóibh nó iad a mhaoiniú, lena n-áirítear trí na fáltais ón gcoireacht eagraithe, lena n-áirítear táirgeadh agus gáinneáil ar dhrugaí támh-shuanacha agus a réamhtheachtaithe arna dtionscnamh dóibh i Mailí nó á n-aistriú tríd, gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach, smuigleáil agus gáinneáil ar airm agus gáinneáil ar mhaoin chultúrtha.

Is ceannasaí sinsearach é Ahmoudou Ag Asriw ar Groupe autodéfense touareg Imghad et alliés (GATIA) agus sa cháil sin bhí sé i gceannas ar chonbhuanna drugaí i dtuaisceart Mhailí ó mhí Deireadh Fómhair 2016 ar a laghad, agus baint aige chomh maith le sáruithe ar an sos cogaidh i réigiún Kidal i mí Iúil 2017 agus i mí Aibreáin 2018.

I mí Aibreáin 2018, bhí Asriw i gceannas ar chonbhua, i dteannta comhalta de Mouvement Arabe de l'Azawad (MAA) Plateforme, a rinne gáinneáil ar cheithre thonna de roisín cannabais as Tabankort, trí Ammasine, réigiún Kidal, i dtreo na Nígire. D'ionsaigh Coordination des Mouwards de l'Azawad agus ionsaitheoirí neamhaitheanta ón Nígir an conbhua. Maraíodh triúr comhraiceoirí le linn caismirtí a tháinig ina dhiaidh.

Mar sin, de bharr na hiomaíochta ar chonbhuanna drugaí, tá Asriw i mbun cogaíochta de shárú ar Chomhaontú 2015 maidir le Síocháin agus Athmhuintearas i Mailí. Dá réir sin, is ridhócha go maoineoidh rannpháirtíocht Asriw i ngáinneáil ar dhrugaí a chuid oibríochtaí míleata, lena n-áirítear sáruithe ar an sos comhraic.

▼M1

2. **Mahamadou AG RHISSA (alias: Mohamed Talhandak)**

Date of birth: 1 Jan. 1983

Nationality: Mali

Address: Kidal, Mali

Date of UN designation: 20 Dec. 2018

Other information: Gender: male. On 1 October 2017 French forces raided his house, arresting Ag Rhissa and six family members.

▼M1

Additional information

Mahamadou Ag Rhissa was listed on 20 December 2018 pursuant to paragraphs 1 and 3 of resolution 2374 (2017) for actions taken that obstruct, or that obstruct by prolonged delay, or that threaten the implementation of the Agreement; acting for or on behalf of or at the direction of or otherwise supporting or financing individuals and entities identified in subparagraphs (a) and (b) of paragraph 8 of resolution 2374 (2017), including through the proceeds from organised crime, including the production and trafficking of narcotic drugs and their precursors originating in or transiting through Mali, the trafficking in persons and the smuggling of migrants, the smuggling and trafficking of arms as well as the trafficking in cultural property; and planning, directing, or committing acts in Mali that violate international human rights law or international humanitarian law, as applicable, or that constitute human rights abuses or violations, including those involving the targeting of civilians, including women and children, through the commission of acts of violence (including killing, maiming, torture, or rape or other sexual violence), abduction, enforced disappearance, forced displacement, or attacks on schools, hospitals, religious sites, or locations where civilians are seeking refuge.

Mahamadou Ag Rhissa, alias Mohamed Talhandak, is an influential businessman in Kidal region and member of the Haut conseil pour l'unicité de l'Azawad (HCUA). In 2016, he represented the Coordination des mouvements de l'Azawad (CMA) during meetings in Bamako concerning the implementation of the 2015 Agreement on Peace and Reconciliation.

Ag Rhissa evolved in trafficking petrol between Algeria and Kidal and came to control migrant smuggling through the border town Talhandak. Migrants testified about the abusive practices of Ag Rhissa, including forced labour, corporal punishment and imprisonment. Ag Rhissa has held and facilitated sexual exploitation of at least two women, releasing them only after payments of CFA 150 000-175 000 (USD 300-350).

On 1 October 2017, Barkhane forces raided two of his house in the Kidal area on suspicion having relations with terrorist networks. Ag Rhissa was briefly arrested. On 4 November 2017, he allegedly participated in a terrorist armed group meeting in the Mali-Algeria border area.

As official representative of the CMA in the peace process, Ag Rhissa's involvement in terrorism, organised crime and human rights abuses threatens the implementation of the Agreement and damages the credibility of the HCUA as negotiating partner.

▼M4

3. **MOHAMED OUSMANE AG MOHAMEDOUNE (ailias: a) Ousmane Mahamadou b) Mohamed Ousmane)**

Teideal: Cheikh

Dáta breithe: 16 Aib. 1972

Áit bhreithe: Mailí

Náisiúntacht: Mailí

Seoladh: Mailí

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 20 Noll. 2018

▼M4

Faisnéis eile: Inscne: fireann. Cur síos fisiceach: dath na súl: donn; dath gruaige: dubh. Uimhir theileafóin: +223 60 36 01 01. Teanga/teangacha a labhraíonn sé: Araibis agus Fraincis. Comharthaí ar leith: spéaclaí. Liostaithe de bhun mhír 1 go mír 3 de rún 2374 (2017) ón gComhairle Slándála (Toirmeasc Taistil).

Grianghraf ar fáil lena chur sa Fógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe:

https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals click here

Faisnéis bhreise

Liostaíodh Mohamed Ousmane Ag Mohamedoune ar an 20 Nollaig 2018 de bhun mhíreanna 1 agus 3 de rún 2374 (2017) mar gheall ar ghníomhaíochtaí a chuireann bac, nó a chuireann bac trí mhoill fhada ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe, nó ar bagairt iad ar a chur chun feidhme; agus trína rannpháirtíocht i bpleanáil, stiúradh, urraíocht nó ionsaithe a dhéanamh i gcoinne: (i) na heintitis éagsúla dá dtagraítear sa Chomhaontú, lena n-áirítear institiúidí áitiúla, réigiúnacha agus stáit, patróil chomhpháirteacha agus fórsaí slándála agus cosanta Mhailí; (ii) coimeádaithe síochána MINUSMA agus pearsanra eile de chuid na Náisiún Aontaithe agus pearsanra gaolmhar, lena n-áirítear comhaltaí den Phainéal saineolaithe; (iii) láithreachtaí slándála idirnáisiúnta, lena n-áirítear FC-G5S, Misin an Aontais Eorpaigh agus fórsaí na Fraince.

Is é Mohamed Ousmane Ag Mohamedoune (tabhair Mohamed Ousmane air) an t-ardrúnaí ar Coalition pour le Peuple de l'Azawad (CPA), a cruthaíodh in 2014 mar scoiltghrúpa ón Mouvement Náisiúnta de l'Azawad (MNLA). Ghlac Mohamed Ousmane ceannaireacht an CPA i mí an Mheithimh 2015 agus, ó 2016 i leith, tá roinnt bunáiteanna míleata agus pointí seiceála curtha ar bun aige i réigiún Timbeactú, go háirithe in Soumpi agus Echel.

In 2017 agus 2018, bhí baint ag ceann foirne míleata de chuid Mohamed Ousmane, agus ag dreamanna armtha eile den CPA, le hionsaithe marfacha ar fhórsaí slándála agus armtha Mhailí i gceantar Soumpi. Mhaígh Jamaat Nosrat al Islam wal Muslimin (JNIM), grúpa sceimhlitheoireachta faoi stiúir Iyad Ag Ghali agus a liostaítear ar liosta smachtbhannaí ISIL/Al-Qaida a bunaíodh agus a choimeádtar de bhun rún 1267/1989/2253 ón gComhairle Slándála, gurbh iadsan a rinne na hionsuithe.

In 2017 bhunaigh Mohamed Ousmane comhghuaillíocht níos leithne scoiltghrúpaí freisin agus ghlac ceannasaíocht orthu, an Coalition des Mouvements de l'Entente (CME). D'eagraigh Mohamed Ousmane an chéad choinbhinsiún de chuid CME in Tinaouker (réigiún Gao) ar an 30 Aibreán 2018, tráth ar ceapadh é mar urlabhraí CME. Le linn a chéad tionóil, chuir CME ráiteas oifigiúil amach ina raibh bagairt shoiléir i ndáil le cur chun feidhme an Comhaontaithe maidir le Síocháin agus Athmhuintearas i Mailí.

Bhí CME páirteach freisin i mbacainní a chur ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe, trí bhrú a chur ar rialtas Mhailí agus ar an gcomhphobal idirnáisiúnta chun críocha CME a chur chun tosaigh sna sásraí éagsúla a bunaíodh leis an gComhaontú.

▼C1

4. **AHMED AG ALBACHAR (ailias: Intahmadou Ag Albachar)**

▼M4

Ainmniú: Uachtarán ar Choimisiún Daonnúil an Bureau Regional d'Administration et Gestion de Kidal

Dáta breithe: 31 Noll. 1963

Áit bhreithe: Tin-Essako, réigiún Kidal, Mailí

Náisiúntacht: Mailí

▼M4

Uimhir aitheantais náisiúnta: 1 63 08 4 01 001 005E

Seoladh: Quartier Aliou, Kidal, Mailí

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 10 Iúil 2019 (arna leasú an 19 Noll. 2019)

Faisnéis eile: Fear gnó iomráiteach is ea Ahmed Ag Albachar agus is comhairleoir speisialta é do Ghobharnóir réigiún Kidal ó thús na bliana 2018. Comhalta údarásach den Haut Conseil pour l'unité de l'Azawad (HCUA) agus duine de phobal Ifoghas Tuareg é Ahmed Ag Albachar, a bhíonn ag idirghabháil idir Coordination des Mouvements de l'Azawad (CMA) agus Ansar Dine (QDe.135). Liostaithe de bhun mhír 1 go mír 3 de rún 2374 (2017) ón gComhairle Slándála (Toirmeasc Taistil, Calcadh Sócmhainní).

Grianghraf ar fáil lena chur sa Fógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe:

https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals click here

Faisnéis bhreise

Tá Ahmed Ag Albachar á liostú de bhun mhír 8(b) de Rún 2374 (2017) mar gheall ar ghníomhaíochtaí a chuireann bac, nó a chuireann bac trí mhoill fhada ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe, nó ar bagairt iad ar a chur chun feidhme; agus mhír 8(e) de Rún 2374(2017) mar gheall ar bhac a chur ar chúnamh daonnúil a sheachadadh do Mhailí nó ar an rochtain ar an gcúnamh daonnúil nó ar a dháileadh i Mailí.

In Eanáir, d'úsáid Ag Albachar a thionchar chun na tionscadail dhaonnúla agus forbartha a bhíonn ar siúl i réigiún Kidal a rialú agus a roghnú, agus rogha a dhéanamh faoi cé a chuirfidh chun feidhme iad, cá háit agus cathain. Ní féidir aon ghníomhaíocht dhaonnúil a dhéanamh gan é a bheith ar an eolas faoi agus gan cead a bheith tugtha aige di. Ina ról mar uachtarán féincheaptha ar an gcoimisiún daonnúil, tá Ag Albachar i gceannas ar cheadanna cónaithe agus oibre a dheonú d'oibrithe cabhracha mar mhalairt ar airgead nó ar sheirbhísí. Rialaíonn an coimisiún freisin cé na cuideachtaí agus na daoine aonair ar féidir leo cur isteach ar thairiscintí a fhógraíonn ENRanna in Kidal, rud a chuireann ar chumas Ag Albachar an ghníomhaíocht dhaonnúil sa réigiún a chúbláil agus na daoine a oibríonn do ENRanna a roghnú. Is faoina mhaoirseachtsa amháin is féidir dáileacháin cabhrach a dhéanamh, rud a imríonn tionchar ar cé a bhaineann tairbhe as na dáileacháin sin.

Ina theannta sin, úsáideann Ag Albachar daoine óga dífhostaithe chun na ENRanna a imeaglú agus sracadh a dhéanamh orthu, rud a chuireann bac mór ar a gcuid oibre. Bíonn faitíos ar an bpobal daonnúil i gcoitinne in Kidal, ach go háirithe ar na baill foirne náisiúnta ós rud é go bhfuil siad níos leochailí.

Is comhúinéir chomh maith é Ahmed Ag Albachar ar an gcuideachta iompair Timitrine Voyage; ceann den bheagán cuideachtaí iompair a bhfuil cead ag eagraíochtaí neamhrialtasacha iad a úsáid in Kidal. Déanann Ag Albachar, in éineacht le dosaen cuideachtaí iompair eile ar le grúpa beag daoine mórthionchair de chuid phobal Ifoghas Tuareg iad, sciar suntasach den chabhair dhaonnúil in Kidal a fhorghabháil. Ina theannta sin, leis an staid mhonaplachta atá ag Ag Albachar, tá seachadadh cúnaimh i bpobail áirithe níos deacra ná mar atá i bpobail eile.

Tá an cúnamh daonnúil á ionramháil ag Ag Albachar chun a leasanna pearsanta féin agus leasanna polaitiúla HCUA a chomhlíonadh trí sceimhle a fheidhmiú, ENRanna a chur faoi bhagairt agus a n-oibríochtaí a rialú, rud ar constaic agus bac é ar an gcúnamh do thairbhithe atá i ngátar i réigiún Kidal. Dá bhrí sin, cuireann Ahmed Ag Albachar bac ar chúnamh daonnúil a sheachadadh do Mhailí nó ar an rochtain ar an gcúnamh daonnúil sin nó ar a dháileadh i Mailí.

▼M4

Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí Airteagal 49 den Chomhaontú maidir le Síocháin agus Athmhuintearas i Mailí lena gcuirtear de cheangal ar pháirtithe prionsabail na daonnachta, na neodrachta, na neamhchlaontachta agus an neamhspleáchais a threoraíonn gníomhaíochtaí daonnúla a urramú, lena gcuirtear ceangal orthu cosc a chur ar chúnamh daonnúil a úsáid chun críocha polaitiúla, eacnamaíocha, agus míleata, agus rochtain a éascú do ghníomhaireachtaí daonnúla agus slándáil a bpearsanra a ráthú. Dá bhrí sin, cuireann Albachar bac nó bagairt ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe.

5. **HOUKA HOUKA AG ALHOUSSEINI (ailias: a) Mohamed Ibn Alhousseyni b) Muhammad Ibn Al-Husayn c) Houka Houka)**

Teideal: Cadi

Dáta breithe: a) 1 Ean. 1962 b) 1 Ean. 1963 c) 1 Ean. 1964

Áit bhreithe: Ariaw, réigiún Tombouctou, Mailí

Náisiúntacht: Mailí

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 10 Iúil 2019 (arna leasú an 19 Noll. 2019)

Faisnéis eile: Cheap Iyad Ag Ghaly (QDi.316) Houka Houka Ag Alhousseini ina Cadi i dTimbeactú in Aibreán 2012 tar éis bhunú na cailifeachta jiohádaí i dtuaisceart Mhailí.

D'oibríodh Houka Houka go dlúth leis an Hesbah, na póilíní Ioslamacha faoi cheannas Ahmad Al Faqi Al Mahdi, atá i bpríosún in Ionad Coinneála na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta sa Háig ó Mheán Fómhair 2016. Liostaithe de bhun mhír 1 go mír 3 de rún 2374 (2017) ón gComhairle Slándála (Toirmeasc Taistil, Calcadh Sócmhainní).

Grianghraf ar fáil lena chur sa Fógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe:

https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals click here

Faisnéis bhreise

Tá Houka Houka Ag Alhousseini á liostú de bhun mhír 8(b) de Rún 2374 (2017) mar gheall ar ghníomhaíochtaí a chuireann bac, nó a chuireann bac trí mhoill fhada ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe, nó ar bagairt iad ar a chur chun feidhme.

Tar éis idirghabháil na bhfórsaí Francacha in Eanáir 2013, gabhadh Houka Houka Ag Alhousseini an 17 Eanáir 2014 ach scaoil údaráis Mhailí saor é an 15 Lúnasa 2014, scaoileadh a cháin eagraíochtaí chearta an duine.

Tá Houka Houka Ag Alhousseini lonnaithe ó shin in Ariaw, i gceantar Zouéra, sráidbhaile atá suite siar ó Thimbeactú (ceantar Essakane), ar bhruach Loch Faguibine i dtreo theorainn na Máratáine. An 27 Meán Fómhair 2017, rinne Gobharnóir Thimbeactú, Koina Ag Ahmadou, Ag Alhousseini a ath-insealbhú mar mhúinteoir anseo, tar éis do bhrústocaireacht a bheith déanta ag duine eile a bhfuil smachtbhannaí ann ina leith, Mohamed Ousmane Ag Mohamidoune (MLi.003), ceannaire Coalition du peuple de l'Azawad (CPA), a liostaigh Coiste na Comhairle Slándála do Mhailí é an 20 Nollaig 2018 ar chúiseanna lena n-áirítear gníomhartha a rinneadh a chuireann bac, nó a chuireann bac trí mhoill fhada ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe, nó ar bagairt iad ar a chur chun feidhme. In 2017 bhunaigh Mohamed Ousmane comhghuaillíocht níos leithne d'fhoghrúpaí, an Coalition des Mouvements de l'Entente (CME). Le linn a chéad tionóil, chuir CME ráiteas oifigiúil amach ina raibh bagairt shoiléir i ndáil le cur chun feidhme an Comhaontaithe maidir le Síocháin agus Athmhuintearas i Mailí. Bhí CME páirteach freisin i mbacainní a chur ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe, trí bhrú a chur ar rialtas Mhailí agus ar an gcomhphobal idirnáisiúnta chun críocha CME a chur chun tosaigh sna sásraí éagsúla a bunaíodh leis an gComhaontú.

▼M4

Bhí baint mhór ag Houka Houka agus ag Mohamed Ousmane le teacht chun cinn a chéile, agus Ousmane ag éascú cruinnithe le hoifigigh rialtais, agus ról lárnach ag Houka i méadú thionchar Ousmane ar réigiún Thimbeactú. Ghlac Houka Houka páirt sa chuid is mó de na cruinnithe pobail a reáchtáil Mohamed Ousmane ó 2017 i leith, rud a chuir leis an gclú agus an meas atá ar Ousmane sa réigiún, chomh maith le searmanas bunaithe Coalition des Mouvements de l'Entente (CME) dár thug sé tacaíocht phoiblí.

Tá limistéar tionchair Houka Houka tar éis leathnú níos faide soir le déanaí, go dtí réigiún Ber (daingean na nArabach Bérabich suite 50 ciliméadar soir ó Thimbeactú), agus tuaisceart Thimbeactú. Cé nach de ghinealach Cadis é agus nár thosaigh sé ach in 2012, bhí Houka Houka in ann cur lena údarás mar Cadi agus lena chumas slándáil phoiblí a choinneáil i limistéir áirithe trí leas a bhaint as sócmhainní Al-Furqan agus as an eagla a spreagann an eagraíocht sceimhlitheoireachta sin i réigiún Thimbeactú trí ionsaithe casta i gcoinne fhórsaí cosanta agus slándála Mhailí agus idirnáisiúnta agus trí fheallmharuithe dírithe.

Dá bhrí sin, tríd an tacaíocht atá á tabhairt aige do Mohamed Ousmane agus an bac a chuir sé ar an gComhaontú, tá cur chun feidhme an Chomhaontaithe sin á chur i mbaol ag Houka Houka Ag Alhhousseini, maille leis an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i gcoitinne.

▼M7

6. **MAHRI SIDI AMAR BEN DAHA (ailias: a) Yoro Ould Daha b) Yoro Ould Daya c) Sidi Amar Ould Daha d) Yoro)**

Ainmniú: Leas-cheann foirne chomhordú réigiúnach an Mécanisme opérationnel de coordination (MOC) in Gao

Dáta breithe: 1 Ean. 1978

Áit bhreithe: Djebock, Mailí

Náisiúntacht: Mailí

Uimhir aitheantais náisiúnta: 11262/1547

Seoladh: Golf Rue 708 Door 345, Gao, Mailí

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 10 Iúil 2019 (arna leasú an 19 Nollaig 2019, an 14 Eanáir 2020, an 5 Deireadh Fómhair 2022)

Faisnéis eile: Is ceannaire phobal Arabaigh Lehmar de chuid Gao é Mahri Sidi Amar Ben Daha agus tá sé ina cheann foirne míleata ar an eite sin de Mouvement Arab de l'Azawad (MAA), atá ar son an rialtais, bainteach leis an gcomhghuaillíocht Plateforme des mouvements du 14 juin 2014 d'Alger (Plateforme). Liostaithe de bhun mhír 1 go mír 3 de rún 2374 (2017) ón gComhairle Slándála (Toirmeasc Taistil, Calcadh Sócmhainní). Marbh ó bhí mí Feabhra 2020 ann de réir tuairiscí.

Grianghraf ar fáil lena chur sa Fógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe:

https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals

Faisnéis bhreise

Tá Mahri Sidi Amar Ben Daha á liostú de bhun mhír 8 (b) de rún 2374 (2017) mar gheall ar ghníomhaíochtaí a chuireann bac, nó a chuireann bac trí mhoill fhada ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe, nó ar bagairt iad ar a chur chun feidhme.

Ba oifigeach sinsearach de na póilíní Ioslamacha é Ben Daha, a bhí ag feidhmiú in Gao nuair a bhí an baile faoi rialú an Mouvement pour l'unicité et le jihad en Afrique de l'Ouest (MUJAO) (QDe.134) ó Mheitheamh 2012 go dtí Eanáir 2013. Faoi láthair, tá Ben Daha ina leas-cheann foirne ar chomhordú réigiúnach an Mécanisme opérationnel de coordination (MOC) in Gao.

▼M7

An 12 Samhain 2018, dhearbhaigh an Plateforme in Bamako nach nglacfadh siad páirt sna comhairliúcháin réigiúnacha a bheadh ar siúl ón 13 go dtí an 17 Samhain, i gcomhréir leis an treochlár a chomhaontaigh na páirtithe uile sa Chomhaontú Síochána agus Athmhuintearais i Márta 2018. An lá dar gcionn, thionóil ceann foirne míleata chomhpháirt Ganda Koy de Coordination des mouvements et fronts patriotiques de résistance (CMFPR)-Plateforme, cruinniú in Gao, agus ionadaithe an MAA-Plateforme ag freastal air, chun cosc a chur ar na comhairliúcháin a bheith ar siúl. Rinneadh an t-imshuí a chomhordú le ceannaireacht an Plateforme in Bamako, le MAA-Plateforme, agus leis an gComhalta Parlaiminte, Mohamed Ould Mataly.

Ón 14 go dtí an 18 Samhain 2018, chuir na scórtha trodairí MAA-Plateforme i dteannta trodairí de chuid ghrúpaí CMFPR bac ar thionóladh comhairliúchán réigiúnach. Ag gníomhú faoi threoir agus rannpháirtíocht Ben Daha, cuireadh sé fheithicil truiclín as Mouvement Arabe de l'Azawad (MAA-Plateforme) os comhair ghobharnóireacht Gao agus a comharsanachta. Chonacthas ar an láthair freisin dhá fheithicil MOC de chuid MAA-Plateforme.

An 17 Samhain 2018, tharla teagmhas idir gnéithe armtha a bhí ag cur bac le bealach isteach chuig an ngobharnóireacht agus patról FAMa a bhí faoin gceantar, ach cuireadh deireadh leis sular dtiocfadh leis méadú agus éirí ina shárú ar an sos comhraic. An 18 Samhain 2018, thóg dhá fheithicil déag san iomlán agus eilimintí armtha an t-imshuí ar an ngobharnóireacht tar éis an bhabhta caibidlíochta is déanaí le gobharnóir Gao.

An 30 Samhain 2018, reáchtáil Ben Daha cruinniú idir-Arabach in Tinfanda chun athstruchtúrú slándála agus riaracháin a phlé. I láthair ag an gcruinniú freisin bhí Ahmoudou Ag Asriw (MLi.001), duine atá faoi smachtbhannaí, agus a bhfuil tacaíocht agus cosaint Ben Daha aige.

Dá bhrí sin, trí chosc a chur go héifeachtach le pléití maidir le príomhfhorálacha an Chomhaontaithe Síochána agus Athmhuintearais a bhaineann leis an athchóiriú ar struchtúr críche thuaisceart Mhailí, chuir Ben Daha bac ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Síochána agus Athmhuintearais. Ina theannta sin, tá tacaíocht tugtha ag Ben Daha do dhuine a sainaithníodh mar bhagairt do chur chun feidhme an Chomhaontaithe trína rannpháirtíocht i sáruithe ar an sos chomhraic agus i ngníomhaíocht choiriúil eagraithe.

7. **MOHAMED BEN AHMED MAHRI (ailias: a) Mohammed Rougi b) Mohamed Ould Ahmed Deya c) Mohamed Ould Mahri Ahmed Daya d) Mohamed Rougie e) Mohamed Rouggy f) Mohamed Rouji)**

Dáta breithe: 1 Ean. 1979

Áit bhreithe: Tabankort, Mailí

Náisiúntacht: Mailí

Uimh. pas: a) AA00272627 b) AA0263957 c) AA0344148, arna eisiúint an 21 Márta 2019 (dáta éaga: an 20 Márta 2024)

Seoladh: Bamako, Mailí

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 10 Iúil 2019 (arna leasú an 19 Nollaig 2019, an 14 Eanáir 2020, an 5 Deireadh Fómhair 2022)

Faisnéis eile: Is fear gnó ó phobal Lehmar na nArabach i réigiún Gao é Mohamed Ben Ahmed Mahri, a chomhoibrigh roimhe seo leis an Mouvement pour l'unicité et le Jihad en Afrique de l'Ouest (MUJAO) (QDe.134). Liostaithe de bhun mhír 1 go mír 3 de rún 2374 (2017) ón gComhairle Slándála (Toirmeasc Taistil, Calcadh Sócmhainní).

Grianghraf ar fáil lena chur sa Fógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe:

https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals

▼M7

Faisnéis bhreise

Tá Mohamed Ben Ahmed Mahri á liostú de bhun mhír 8 (c) de rún 2374 (2017) de dheasca gníomhú ar son nó thar ceann na ndaoine aonair agus na n-eintiteas a shainaithnítear i mír 8 (a) agus (b) de rún 2374 (2017), nó de dheasca gníomhú faoi stiúir na ndaoine aonair agus na n-eintiteas sin nó de bharr tacaíocht a thabhairt dóibh nó iad a mhaoiniú, lena n-áirítear trí na fáltais ón gcoireacht eagraithe, lena n-áirítear táirgeadh agus gáinneáil ar dhrugaí támhshuanacha agus a réamhtheachtaithe arna dtionscnamh dóibh i Mailí nó á n-aistriú tríd, gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach, smuigleáil agus gáinneáil ar airm agus gáinneáil ar mhaoin chultúrtha.

Idir Nollaig 2017 agus Aibreán 2018, d'ordaigh Mohamed Ben Ahmed Mahri oibríocht gháinneála de os cionn 10 dtonna channabas Mharacó, a aistríodh i dtrucailí fuaraithe trí Mauretania, Mailí, Burkina Faso agus an Nígir. Le linn oíche an 13 go dtí an 14 Meitheamh 2018, coigistíodh an ceathrú cuid den lastas in Niamey, agus cuireadh líomhain i leith grúpa comhraic gur ghoid sé na trí cheathrú a bhí fágtha le linn oíche an 12 agus an 13 Aibreán 2018.

Mí na Nollag 2017, bhí Mohamed Ben Ahmed Mahri in Niamey le náisiúnach de chuid Mhailí chun an oibríocht a ullmhú. Gabhadh an náisiúnach sin de chuid Mhailí in Niamey tar éis dó eitilt isteach as Maracó le beirt náisiúnach Mharacacha agus beirt náisiúnach Ailgéireacha ar an 15 agus an 16 Aibreán 2018 chun iarracht a dhéanamh teacht ar channabas goidte. Gabhadh triúr dá chomhpháirtithe freisin, náisiúnach de chuid Maracó, ar gearradh pianbhreith príosúnachta cúig mhí air i Maracó in 2014 as gáinneáil ar dhrugaí.

Tá Mohamed Ben Ahmed Mahri i gceannas ar gháinneáil ar roisín cannabais a iompraítear go Nígir díreach trí thuaisceart Mhailí, trí chonbhuanna a úsáid atá á stiúradh ag comhaltaí den Groupe d'autodéfense des Touaregs Imghad et leurs alliés (GATIA), agus ina measc, Ahmoudou Ag Asriw (MLi.001), a bhfuil smachtbhannaí curtha air. Íocann Mohamed Ben Ahmed Mahri cúiteamh le Asriw as ucht na gconbhuanna sin a úsáid. Is iad na conbhuanna sin is cúis le caismirtí go minic le hiomaitheoirí a bhfuil baint acu le Coordination des Mouvements de l'Azawad (CMA).

Baineann Mohamed Ben Ahmed Mahri úsáid as a chuid ghnóthachain airgeadais ón ngáinneáil ar dhrugaí chun tacú le grúpaí armtha sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear Al Mourabitoun (QDe.141), eintiteas a bhfuil smachtbhannaí air, agus déanann sé iarracht breab a thabhairt d'oifigigh as trodaithe gafa a scaoileadh saor agus as lánpháirtiú na dtrodaithe in Mouvement Arabe pour l'Azawad (MAA) Plateforme a éascú.

Dá bhrí sin, trí na fáltais ón gcoireacht eagraithe, tacaíonn Mohamed Ben Ahmed Mahri le duine sainaitheanta faoi mhír 8(b) de Rún 2374 (2007) mar bhagairt ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir le Síocháin agus Athmhuintearas i Mailí, agus le grúpa sceimhlitheoireachta dá dtagraítear i Rún 1267.

8. **MOHAMED OULD MATALY**

Ainmniú: Comhalta Parlaiminte

Dáta breithe: 1958

Náisiúntacht: Mailí

Uimh. pas: a) D9011156, b) AA0260156, arna eisiúint an 3 Lúnasa 2018 (dáta éaga: an 2 Lúnasa 2023)

Seoladh: a) Golf Rue 708 Door 345, Gao, Mailí b) Almoustarat, Gap, Mailí

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 10 Iúil 2019 (arna leasú an 19 Nollaig 2019, an 14 Eanáir 2020, an 5 Deireadh Fómhair 2022)

▼M7

Faisnéis eile: Tá Mohamed Ould Mataly, iar-Mhéara Bourem, ina chomhalta den Pharlaimint faoi láthair don toghlach Bourem agus tá sé ina chomhalta den Rassamblement pour le Mali (RPM, páirtí polaitiúil an Uachtaráin Ibrahim Boubacar Keita). Is duine de phobal Arabach Lehmar é agus is comhalta é a bhfuil tionchar mór aige ar an eite den Mouvement Arabede l'Azawad (MAA) atá ar son an rialtais, atá nasctha le comhghuaillíocht Plateforme des mouvements du 14 juin 2014 d'Alger (Plateforme). Liostaithe de bhun mhír 1 go mír 3 de rún 2374 (2017) ón gComhairle Slándála (Toirmeasc Taistil, Calcadh Sócmhainní).

Grianghraf ar fáil lena chur sa Fógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe:

https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals click here

Faisnéis bhreise

Tá Mohamed Ould Mataly liostaithe de bhun mhír 8 (b) de Rún 2374 (2017) mar gheall ar ghníomhaíochtaí a chuireann bac, nó a chuireann bac trí mhoill fhada ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe, nó ar bagairt iad ar a chur chun feidhme.

An 12 Samhain 2018, dhearbhaigh an Plateforme in Bamako nach nglacfadh siad páirt sna comhairliúcháin réigiúnacha a bheadh ar siúl ón 13 go dtí an 17 November, i gcomhréir leis an treochlár a chomhaontaigh na páirtithe uile sa Chomhaontú Síochána agus Athmhuintearais i Márta 2018. An lá dar gcionn, thionóil ceann foirne míleata chomhpháirt Ganda Koy de Coordination des mouvements et fronts patriotiques de résistance (CMFPR)-Plateforme, cruinniú in Gao, agus ionadaithe an MAA-Plateforme ag freastal air, chun cosc a chur ar na comhairliúcháin a bheith ar siúl. Rinneadh an t-imshuí a chomhordú le ceannaireacht an Plateforme in Bamako, le MAA-Plateforme, agus leis an gComhalta Parlaiminte, Mohamed Ould Mataly.

Ghlac a dhlúthchomhpháirtí Mahri Sidi Amar Ben Daha, ailias Yoro Ould Daha, a bhfuil cónaí air ina theach in Gao, páirt san imshuí ar an áit ina raibh an comhairliúchán in oifig an Ghobharnóra le linn na tréimhse sin.

Ina theannta sin, ar an 12 Iúil 2016 bhí Ould Mataly ar dhuine de ghríosóirí léirsithe a bhí naimhdeach le cur chun feidhme an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, trí chosc a chur go héifeachtach le pléití maidir le príomhfhorálacha an Chomhaontaithe Síochána agus Athmhuintearais a bhaineann leis an athchóiriú ar struchtúr críche thuaisceart Mhailí, tá bac curtha ag Ould Mataly ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir le Síocháin agus Athmhuintearas.

Ar deireadh, d'agair Ould Mataly go scaoilfí daoine dá phobal a gabhadh in oibríochtaí frithsceimhlitheoireachta. Trína rannpháirtíocht sa choireacht eagraithe agus trí chomhlachas le grúpaí armtha sceimhlitheoireachta, cuireann Mohamed Ould Mataly cur chun feidhme an Chomhaontaithe i mbaol.

▼M1

B. List of persons and entities referred to in Article 2(1)

▼M4
▼C1

1. **AHMED AG ALBACHAR (ailias: Intahmadou Ag Albachar)**

▼M4

Ainmniú: Uachtarán ar Choimisiún Daonnúil an Bureau Regional d'Administration et Gestion de Kidal

Dáta breithe: 31 Noll. 1963

Áit bhreithe: Tin-Essako, réigiún Kidal, Mailí

Náisiúntacht: Mailí

Uimhir aitheantais náisiúnta: 1 63 08 4 01 001 005E

▼M4

Seoladh: Quartier Aliou, Kidal, Mailí

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 10 Iúil 2019 (arna leasú an 19 Noll. 2019)

Faisnéis eile: Fear gnó iomráiteach is ea Ahmed Ag Albachar agus is comhairleoir speisialta é do Ghobharnóir réigiún Kidal ó thús na bliana 2018. Comhalta údarásach den Haut Conseil pour l'unité de l'Azawad (HCUA) agus duine de phobal Ifoghas Tuareg é Ahmed Ag Albachar, a bhíonn ag idirghabháil idir Comhordú Ghluaiseachtaí Azawad (CMA) agus Ansar Dine (QDe.135). Liostaithe de bhun mhír 1 go mír 3 de rún 2374 (2017) ón gComhairle Slándála (Toirmeasc Taistil, Calcadh Sócmhainní).

Grianghraf ar fáil lena chur sa Fógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe:

https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals click here

Faisnéis bhreise

Tá Ahmed Ag Albachar á liostú de bhun mhír 8(b) de Rún 2374 (2017) mar gheall ar ghníomhaíochtaí a chuireann bac, nó a chuireann bac trí mhoill fhada ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe, nó ar bagairt iad ar a chur chun feidhme; agus mhír 8(e) de Rún 2374(2017) mar gheall ar bhac a chur ar chúnamh daonnúil a sheachadadh do Mhailí nó ar an rochtain ar an gcúnamh daonnúil nó ar a dháileadh i Mailí.

I mí Eanáir, d'úsáid Ag Albachar a thionchar chun na tionscadail dhaonnúla agus forbartha a bhíonn ar siúl i réigiún Kidal a rialú agus a roghnú, agus rogha a dhéanamh faoi cé a chuirfidh chun feidhme iad, cá háit agus cathain. Ní féidir aon ghníomhaíocht dhaonnúil a dhéanamh gan é a bheith ar an eolas faoi agus gan cead a bheith tugtha aige di. Ina ról mar uachtarán féincheaptha ar an gcoimisiún daonnúil, tá Ag Albachar i gceannas ar cheadanna cónaithe agus oibre a dheonú d'oibrithe cabhracha mar mhalairt ar airgead nó ar sheirbhísí. Rialaíonn an coimisiún freisin cé na cuideachtaí agus na daoine aonair ar féidir leo cur isteach ar thairiscintí a fhógraíonn ENRanna in Kidal, rud a chuireann ar chumas d'Ag Albachar an ghníomhaíocht dhaonnúil sa réigiún a chúbláil agus na daoine a oibríonn do ENRanna a roghnú. Is faoina mhaoirseachtsa amháin is féidir dáileacháin cabhrach a dhéanamh, rud a imríonn tionchar ar cé a bhaineann tairbhe as na dáileacháin sin.

Ina theannta sin, úsáideann Ag Albachar daoine óga dífhostaithe chun na ENRanna a imeaglú agus sracadh a dhéanamh orthu, rud a chuireann bac mór ar a gcuid oibre. Bíonn faitíos ar an bpobal daonnúil i gcoitinne in Kidal, ach go háirithe ar na baill foirne náisiúnta ós rud é go bhfuil siad níos leochailí.

Is comhúinéir chomh maith é Ahmed Ag Albachar ar an gcuideachta iompair Timitrine Voyage; ceann den bheagán cuideachtaí iompair a bhfuil cead ag eagraíochtaí neamhrialtasacha iad a úsáid in Kidal. Déanann Ag Albachar, in éineacht le dosaen cuideachtaí iompair eile ar le grúpa beag daoine mórthionchair de chuid phobal Ifoghas Tuareg iad, sciar suntasach den chabhair dhaonnúil in Kidal a fhorghabháil. Ina theannta sin, leis an staid mhonaplachta atá ag Ag Albachar, tá seachadadh cúnaimh i bpobail áirithe níos deacra ná mar atá i bpobail eile.

Tá an cúnamh daonnúil á ionramháil ag Ag Albachar chun a leasanna pearsanta féin agus leasanna polaitiúla HCUA a chomhlíonadh trí sceimhle a fheidhmiú, ENRanna a chur faoi bhagairt agus a n-oibríochtaí a rialú, rud ar constaic agus bac é ar an gcúnamh do thairbhithe atá i ngátar i réigiún Kidal. Dá bhrí sin, cuireann Ahmed Ag Albachar bac ar chúnamh daonnúil a sheachadadh do Mhailí nó ar an rochtain ar an gcúnamh daonnúil sin nó ar a dháileadh i Mailí.

▼M4

Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí Airteagal 49 den Chomhaontú maidir le Síocháin agus Athmhuintearas i Mailí lena gcuirtear de cheangal ar pháirtithe prionsabail na daonnachta, na neodrachta, na neamhchlaontachta agus an neamhspleáchais a threoraíonn gníomhaíochtaí daonnúla a urramú, lena gcuirtear ceangal orthu cosc a chur ar chúnamh daonnúil a úsáid chun críocha polaitiúla, eacnamaíocha, agus míleata, agus rochtain a éascú do ghníomhaireachtaí daonnúla agus slándáil a bpearsanra a ráthú. Dá bhrí sin, cuireann Albachar bac nó bagairt ar chur chur chun feidhme an Chomhaontaithe.

2. **HOUKA HOUKA AG ALHOUSSEINI (ailias: a) Mohamed Ibn Alhousseyni b) Muhammad Ibn Al-Husayn c) Houka Houka)**

Teideal: Cadi

Dáta breithe: a) 1 Ean. 1962 b) 1 Ean. 1963 c) 1 Ean. 1964

Áit bhreithe: Ariaw, réigiún Tombouctou, Mailí

Náisiúntacht: Mailí

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 10 Iúil 2019 (arna leasú an 19 Noll. 2019)

Faisnéis eile: Cheap Iyad Ag Ghaly (QDi.316) Houka Houka Ag Alhousseini ina Cadi i dTimbeactú in Aibreán 2012 tar éis bhunú na cailifeachta jiohádaí i dtuaisceart Mhailí.

D'oibríodh Houka Houka go dlúth leis an Hesbah, na póilíní Ioslamacha faoi cheannas Ahmad Al Faqi Al Mahdi, atá i bpríosún in Ionad Coinneála na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta sa Háig ó Mheán Fómhair 2016. Liostaithe de bhun mhír 1 go mír 3 de rún 2374 (2017) ón gComhairle Slándála (Toirmeasc Taistil, Calcadh Sócmhainní).

Grianghraf ar fáil lena chur sa Fógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe:

https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals click here

Faisnéis bhreise

Tá Houka Houka Ag Alhousseini á liostú de bhun mhír 8(b) de Rún 2374 (2017) mar gheall ar ghníomhaíochtaí a chuireann bac, nó a chuireann bac trí mhoill fhada ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe, nó ar bagairt iad ar a chur chun feidhme.

Tar éis idirghabháil na bhfórsaí Francacha i mí Eanáir 2013, gabhadh Houka Houka Ag Alhousseini ar an 17 Eanáir 2014 ach scaoil údaráis Mhailí saor é ar an 15 Lúnasa 2014, scaoileadh a cháin eagraíochtaí chearta an duine.

Tá Houka Houka Ag Alhousseini lonnaithe ó shin in Ariaw, i gceantar Zouéra, sráidbhaile atá suite siar ó Thimbeactú (ceantar Essakane), ar bhruach Loch Faguibine i dtreo theorainn na Máratáine. Ar an 27 Meán Fómhair 2017, rinne Gobharnóir Thimbeactú, Koina Ag Ahmadou, Ag Alhousseini a ath-insealbhú mar mhúinteoir anseo, tar éis do bhrústocaireacht a bheith déanta ag duine eile a bhfuil smachtbhannaí ann ina leith, Mohamed Ousmane Ag Mohamidoune (MLi.003), ceannaire Coalition du peuple de l'Azawad (CPA), a liostaigh Coiste na Comhairle Slándála do Mhailí é ar an 20 Nollaig 2018 ar chúiseanna lena n-áirítear gníomhartha a rinneadh a chuireann bac, nó a chuireann bac trí mhoill fhada ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe, nó ar bagairt iad ar a chur chun feidhme. In 2017 bhunaigh Mohamed Ousmane comhghuaillíocht níos leithne d'fhoghrúpaí, an Coalition des Mouvements de l'Entente (CME). Le linn a chéad tionóil, chuir CME ráiteas oifigiúil amach ina raibh bagairt shoiléir i ndáil le cur chun feidhme an Comhaontaithe maidir le Síocháin agus Athmhuintearas i Mailí. Bhí CME páirteach freisin i mbacainní a chur ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe, trí bhrú a chur ar rialtas Mhailí agus ar an gcomhphobal idirnáisiúnta chun críocha CME a chur chun tosaigh sna sásraí éagsúla a bunaíodh leis an gComhaontú.

▼M4

Bhí baint mhór ag Houka Houka agus ag Mohamed Ousmane le teacht chun cinn a chéile, agus Ousmane ag éascú cruinnithe le hoifigigh rialtais, agus ról lárnach ag Houka i méadú thionchar Ousmane ar réigiún Thimbeactú. Ghlac Houka Houka páirt sa chuid is mó de na cruinnithe pobail a reáchtáil Mohamed Ousmane ó 2017 i leith, rud a chuir leis an gclú agus an meas atá ar Ousmane sa réigiún, chomh maith le searmanas bunaithe Coalition des Mouvements de l'Entente (CME) dár thug sé tacaíocht phoiblí.

Tá limistéar tionchair Houka Houka tar éis leathnú níos faide soir le déanaí, go dtí réigiún Ber (daingean na nArabach Bérabich suite 50 ciliméadar soir ó Thimbeactú), agus tuaisceart Thimbeactú. Cé nach de ghinealach Cadis é agus nár thosaigh sé ach in 2012, bhí Houka Houka in ann cur lena údarás mar Cadi agus lena chumas slándáil phoiblí a choinneáil i limistéir áirithe trí leas a bhaint as sócmhainní Al-Furqan agus as an eagla a spreagann an eagraíocht sceimhlitheoireachta sin i réigiún Thimbeactú trí ionsaithe casta i gcoinne fhórsaí cosanta agus slándála Mhailí agus idirnáisiúnta agus trí fheallmharuithe dírithe.

Dá bhrí sin, tríd an tacaíocht atá á tabhairt aige do Mohamed Ousmane agus an bac a chuir sé ar an gComhaontú, tá cur chun feidhme an Chomhaontaithe sin á chur i mbaol ag Houka Houka Ag Alhhousseini, maille leis an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i gcoitinne.

3. **MAHRI SIDI AMAR BEN DAHA (ailias: a) Yoro Ould Daha b) Yoro Ould Daya c) Sidi Amar Ould Daha d) Yoro)**

Ainmniú: Leas-cheann foirne chomhordú réigiúnach an Mécanisme opérationnel de coordination (MOC) in Gao

Dáta breithe: 1 Ean. 1978

Áit bhreithe: Djebock, Mailí

Náisiúntacht: Mailí

Uimhir aitheantais náisiúnta: 11262/1547

Seoladh: Golf Rue 708 Door 345, Gao, Mailí

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 10 Iúil 2019 (arna leasú an 19 Noll. 2019)

Faisnéis eile: Is ceannaire ar Lehmar é Mahri Sidi Amar Ben Daha

Pobal Arabach Gao agus ceann foirne míleata na heite atá ar son an rialtais, le Mouvement Arab de l'Azawad (MAA), a bhfuil baint aige le comhghuaillíocht leis an Plateforme des mouvements du 14 juin 2014 d'Alger (Plateforme). Liostaithe de bhun mhír 1 go mír 3 de rún 2374 (2017) ón gComhairle Slándála (Toirmeasc Taistil, Calcadh Sócmhainní).

Grianghraf ar fáil lena chur sa Fógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe:

https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals click here

Faisnéis bhreise

Tá Mahri Sidi Amar Ben Daha á liostú de bhun mhír 8 (b) de rún 2374 (2017) mar gheall ar ghníomhaíochtaí a chuireann bac, nó a chuireann bac trí mhoill fhada ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe, nó ar bagairt iad ar a chur chun feidhme.

Ba oifigeach sinsearach de na póilíní Ioslamacha é Ben Daha, a bhí ag feidhmiú in Gao nuair a bhí an baile faoi rialú an Mouvement pour l'unicité et le jihad en Afrique de l'Ouest (MUJAO) (QDe.134) ó Mheitheamh 2012 go dtí Eanáir 2013. Faoi láthair, tá Ben Daha ina leas-cheann foirne ar chomhordú réigiúnach an Mécanisme opérationnel de coordination (MOC) in Gao.

▼M4

Ar an 12 Samhain 2018, dhearbhaigh an Plateforme in Bamako nach nglacfadh siad páirt sna comhairliúcháin réigiúnacha a bheadh ar siúl ón 13 go dtí an17 Samhain, i gcomhréir leis an treochlár a chomhaontaigh na páirtithe uile sa Chomhaontú Síochána agus Athmhuintearais i Márta 2018. An lá dar gcionn, thionóil ceann foirne míleata chomhpháirt Ganda Koy de Coordination des mouvements et fronts patriotiques de résistance (CMFPR)-Plateforme, cruinniú in Gao, agus ionadaithe an MAA-Plateforme ag freastal air, chun cosc a chur ar na comhairliúcháin a bheith ar siúl. Rinneadh an t-imshuí a chomhordú le ceannaireacht an Plateforme in Bamako, le MAA-Plateforme, agus leis an gComhalta Parlaiminte, Mohamed Ould Mataly.

Ón 14 go dtí an 18 Samhain 2018, chuir na scórtha trodairí MAA-Plateforme i dteannta trodairí de chuid ghrúpaí CMFPR bac ar thionóladh comhairliúchán réigiúnach. Ag gníomhú faoi threoir agus rannpháirtíocht Ben Daha, cuireadh sé fheithicil truiclín as Mouvement Arabe de l'Azawad (MAA-Plateforme) os comhair ghobharnóireacht Gao agus a comharsanachta. Chonacthas ar an láthair freisin dhá fheithicil MOC de chuid MAA-Plateforme.

Ar an 17 Samhain 2018, tharla teagmhas idir gnéithe armtha a bhí ag cur bac le bealach isteach chuig an ngobharnóireacht agus patról FAMa a bhí faoin gceantar, ach cuireadh deireadh leis sular dtiocfadh leis méadú agus éirí ina shárú ar an sos comhraic. Ar an 18 Samhain 2018, thóg dhá fheithicil déag san iomlán agus eilimintí armtha an t-imshuí ar an ngobharnóireacht tar éis an bhabhta caibidlíochta is déanaí le gobharnóir Gao.

Ar an 30 Samhain 2018, reáchtáil Ben Daha cruinniú idir-Arabach in Tinanda chun athstruchtúrú slándála agus riaracháin a phlé. I láthair ag an gcruinniú freisin bhí Ahmoudou Ag Asriw (MLi.001), duine atá faoi smachtbhannaí, agus a bhfuil tacaíocht agus cosaint Ben Daha aige.

Dá bhrí sin, trí chosc a chur go héifeachtach le pléití maidir le príomhfhorálacha an Chomhaontaithe Síochána agus Athmhuintearais a bhaineann leis an athchóiriú ar struchtúr críche thuaisceart Mhailí, chuir Ben Daha bac ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Síochána agus Athmhuintearais. Ina theannta sin, tá tacaíocht tugtha ag Ben Daha do dhuine a sainaithníodh mar bhagairt do chur chun feidhme an Chomhaontaithe trína rannpháirtíocht i sáruithe ar an sos chomhraic agus i ngníomhaíocht choiriúil eagraithe.

4. **MOHAMED BEN AHMED MAHRI (ailias: a) Mohammed Rougi b) Mohamed Ould Ahmed Deya c) Mohamed Ould Mahri Ahmed Daya d) Mohamed Rougie e) Mohamed Rouggy f) Mohamed Rouji)**

Dáta breithe: 1 Ean. 1979

Áit bhreithe: Tabankort, Mailí

Náisiúntacht: Mailí

Uimhir phas: a) AA00272627 b) AA0263957

Seoladh: Bamako, Mailí

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 10 Iúil 2019 (arna leasú an 19 Noll. 2019)

Faisnéis eile: Is fear gnó ó phobal Lehmar na nArabach i réigiún Gao é Mohamed Ben Ahmed Mahri, a chomhoibrigh roimhe seo leis an Mouvement pour l'unicité et le Jihad en Afrique de l'Ouest (MUJAO) (QDe.134). Liostaithe de bhun mhír 1 go mír 3 de rún 2374 (2017) ón gComhairle Slándála (Toirmeasc Taistil, Calcadh Sócmhainní).

Grianghraf ar fáil lena chur sa Fógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe:

https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals click here

▼M4

Faisnéis bhreise

Tá Mohamed Ben Ahmed Mahri á liostú de bhun mhír 8 (c) de rún 2374 (2017) de dheasca gníomhú ar son nó thar ceann na ndaoine aonair agus na n-eintiteas a shainaithnítear i mír 8 (a) agus (b) de rún 2374 (2017), nó de dheasca gníomhú faoi stiúir na ndaoine aonair agus na n-eintiteas sin nó de bharr tacaíocht a thabhairt dóibh nó iad a mhaoiniú, lena n-áirítear trí na fáltais ón gcoireacht eagraithe, lena n-áirítear táirgeadh agus gáinneáil ar dhrugaí támhshuanacha agus a réamhtheachtaithe arna dtionscnamh dóibh i Mailí nó á n-aistriú tríd, gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach, smuigleáil agus gáinneáil ar airm agus gáinneáil ar mhaoin chultúrtha.

Idir Nollaig 2017 agus Aibreán 2018, d'ordaigh Mohamed Ben Ahmed Mahri oibríocht gháinneála de os cionn 10 dtonna channabas Mharacó, a aistríodh i dtrucailí fuaraithe trí Mauretania, Mailí, Burkina Faso agus an Nígir. Le linn oíche an 13 go dtí an 14 Meitheamh 2018, coigistíodh an ceathrú cuid den lastas in Niamey, agus cuireadh líomhain i leith grúpa comhraic gur ghoid sé na trí cheathrú a bhí fágtha le linn oíche an 12 agus an 13 Aibreán 2018.

Mí na Nollag 2017, bhí Mohamed Ben Ahmed Mahri in Niamey le náisiúnach de chuid Mhailí chun an oibríocht a ullmhú. Gabhadh an náisiúnach sin de chuid Mhailí in Niamey tar éis dó eitilt isteach as Maracó le beirt náisiúnach Mharacacha agus beirt náisiúnach Ailgéireacha ar an 15 agus an 16 Aibreán 2018 chun iarracht a dhéanamh teacht ar channabas goidte. Gabhadh triúr dá chomhpháirtithe freisin, náisiúnach de chuid Maracó, ar gearradh pianbhreith príosúnachta cúig mhí air i Maracó in 2014 as gáinneáil ar dhrugaí.

Tá Mohamed Ben Ahmed Mahri i gceannas ar gháinneáil ar roisín cannabais a iompraítear go Nígir díreach trí thuaisceart Mhailí, trí chonbhuanna a úsáid atá á stiúradh ag comhaltaí de Groupe d'autodéfense des Touaregs Imghad et leurs allies (GATIA), agus ina measc, Ahmoudou Ag Asriw (MLi.001), a bhfuil smachtbhannaí curtha air. Íocann Mohamed Ben Ahmed Mahri cúiteamh le Asriw as ucht na gconbhuanna sin a úsáid. Is iad na conbhuanna sin is cúis le caismirtí go minic le hiomaitheoirí a bhfuil baint acu le Comhordú Ghluaiseachtaí Azawad (CMA).

Baineann Mohamed Ben Ahmed Mahri úsáid as a chuid ghnóthachain airgeadais ón ngáinneáil ar dhrugaí chun tacú le grúpaí armtha sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear Al Mourabitoun (QDe.141), eintiteas a bhfuil smachtbhannaí air, agus déanann sé iarracht breab a thabhairt d'oifigigh as trodaithe gafa a scaoileadh saor agus as lánpháirtiú na dtrodaithe in Mouvement Arabe pour l'Azawad (MAA) Plateforme a éascú.

Dá bhrí sin, trí na fáltais ón gcoireacht eagraithe, tacaíonn Mohamed Ben Ahmed Mahri le duine sainaitheanta faoi mhír 8(b) de Rún 2374 (2007) mar bhagairt ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir le Síocháin agus Athmhuintearas i Mailí, agus le grúpa sceimhlitheoireachta dá dtagraítear i Rún 1267.

5. **MOHAMED OULD MATALY**

Ainmniú: Comhalta Parlaiminte

Dáta breithe: 1958

Náisiúntacht: Mailí

Uimhir an phas: D9011156

Seoladh: Golf Rue 708 Door 345, Gao, Mailí

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 10 Iúil 2019 (arna leasú an 19 Noll. 2019)

▼M4

Faisnéis eile: Tá Mohamed Ould Mataly, iar-Mhéara Bourem, ina chomhalta den Pharlaimint faoi láthair don toghlach Bourem agus tá sé ina chomhalta den Rassamblement pour le Mali (RPM, páirtí polaitiúil an Uachtaráin Ibrahim Boubacar Keita). Is duine de phobal Arabach Lehmar é agus is comhalta é a bhfuil tionchar mór aige ar an eite den Mouvement Arabe de l'Azawad (MAA) atá ar son an rialtais, atá nasctha le comhghuaillíocht Plateforme des mouvements du 14 juin 2014 d'Alger (Plateforme). Liostaithe de bhun mhír 1 go mír 3 de rún 2374 (2017) ón gComhairle Slándála (Toirmeasc Taistil, Calcadh Sócmhainní).

Grianghraf ar fáil lena chur sa Fógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe:

https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals click here

Faisnéis bhreise

Tá Mohamed Ould Mataly liostaithe de bhun mhír 8 (b) de Rún 2374 (2017) mar gheall ar ghníomhaíochtaí a chuireann bac, nó a chuireann bac trí mhoill fhada ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe, nó ar bagairt iad ar a chur chun feidhme.

Ar an 12 Samhain 2018, dhearbhaigh an Plateforme in Bamako nach nglacfadh siad páirt sna comhairliúcháin réigiúnacha a bheadh ar siúl ón 13 go dtí an17 Samhain, i gcomhréir leis an treochlár a chomhaontaigh na páirtithe uile sa Chomhaontú Síochána agus Athmhuintearais i mí an Mhárta 2018. An lá dar gcionn, thionóil ceann foirne míleata chomhpháirt Ganda Koy de Coordination des mouvements et fronts patriotiques de résistance (CMFPR)-Plateforme, cruinniú in Gao, agus ionadaithe an MAA-Plateforme ag freastal air, chun cosc a chur ar na comhairliúcháin a bheith ar siúl. Rinneadh an t-imshuí sin a chomhordú le ceannaireacht an Plateforme in Bamako, MAA-Plateforme agus an comhalta parlaiminte Mohamed Ould Mataly.

Ghlac a dhlúthchomhpháirtí Mahri Sidi Amar Ben Daha, ailias Yoro Ould Daha, a bhfuil cónaí air ina theach in Gao, páirt san imshuí ar an áit ina raibh an comhairliúchán in oifig an Ghobharnóra le linn na tréimhse sin.

Ina theannta sin, ar an 12 Iúil 2016 bhí Ould Mataly ar dhuine de ghríosóirí léirsithe a bhí naimhdeach le cur chun feidhme an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, trí chosc a chur go héifeachtach le pléití maidir le príomhfhorálacha an Chomhaontaithe Síochána agus Athmhuintearais a bhaineann leis an athchóiriú ar struchtúr críche thuaisceart Mhailí, tá bac curtha ag Ould Mataly ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir le Síocháin agus Athmhuintearas.

Ar deireadh, d'agair Ould Mataly go scaoilfí daoine dá phobal a gabhadh in oibríochtaí frithsceimhlitheoireachta. Trína rannpháirtíocht sa choireacht eagraithe agus trí chomhlachas le grúpaí armtha sceimhlitheoireachta, cuireann Mohamed Ould Mataly cur chun feidhme an Chomhaontaithe i mbaol.

▼M8

IARSCRÍBHINN II

A. Liosta na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 1a(1)

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1.	DIAW, Malick	Áit bhreithe: Ségou Dáta breithe: 2.12.1979 Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: B0722922 bailí go dtí an 13.8.2018 Inscne: fireann Post: Uachtarán an National Transition Council (orgán reachtach aistriú polaitiúil Mhailí), Coirnéal	Tá Malick Diaw ina bhall lárnach de chiorcal inmheánach an Choirnéil Assimi Goïta. Agus é ina cheann foirne ar an tríú réigiún míleata, is é sin Kati, bhí sé ar dhuine de ghríosóirí agus de cheannairí an *coup* a rinneadh an 18 Lúnasa 2020, in éineacht leis an Maor-Choirnéal Ismaël Wagué, an Coirnéal Assimi Goïta, an Coirnéal Sadio Camara agus an Coirnéal Modibo Koné. Tá Malick Diaw freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí nó beartais a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol. Is príomhghníomhaí i gcomhthéacs aistriú polaitiúil Mhailí é Malick Diaw freisin agus é ina Uachtarán ar an National Transition Council (CNT), comhlacht reachtach an Aistrithe, ó mhí na Nollag 2020. Níor éirigh le CNT na "misin" atá cumhdaithe sa Chairt Idirthréimhseach dar dáta an 1 Deireadh Fómhair 2020 ("Cairt Idirthréimhseach") agus ba cheart a chríochnú laistigh de 18 mí a chur i gcrích in am trátha, mar is léir ón moill a bhí ar CNT an dréachtbhille toghcháin a fhormhuiniú. Chuidigh an moill sin le moill a chur ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, moill ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil. Ina theannta sin, leis an mbille nua toghcháin, a ghlac CNT ar deireadh an 17 Meitheamh 2022 agus a foilsíodh in Iris Oifigiúil Phoblacht Mhailí an 24 Meitheamh 2022, ceadaítear don Uachtarán Idirthréimhseach, don Leas-Uachtarán Idirthréimhseach agus do chomhaltaí an Rialtais Idirthréimhsigh a bheith ina n-iarrthóirí sna toghcháin uachtaránachta agus reachtacha, rud atá ag teacht salach ar an gCairt Idirthréimhseach. Ghlac Comhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar (ECOWAS) smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Malick Diaw) i mí na Samhna 2021 de bharr na moille a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil. Dá bhrí sin, tá Malick Diaw ag cur bac ar chur i gcrích rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus ag baint an bhoinn den chur i gcrích sin.	4.2.2022

▼M8

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2.	WAGUÉ, Ismaël	Áit bhreithe: Bamako Dáta breithe: 2.3.1975 Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: pas taidhleoireachta AA0193660 bailí go dtí an 15.2.2023 Inscne: fireann Post: An tAire Athmhuintearais, Maor-Choirnéal	Tá an Maor-Choirnéal Ismaël Wagué ina chomhalta lárnach de chiorcal inmheánach an Choirnéil Assimi Goïta, agus bhí sé ar dhuine de ghríosóirí an *coup* an 18 Lúnasa 2020, in éineacht leis an gCoirnéal Goïta, an Coirnéal Sadio Camara, an Coirnéal Modibo Koné agus an Coirnéal Malick Diaw. An 19 Lúnasa 2020, d'fhógair sé go raibh an t-arm tagtha i gcumhacht, agus bhí sé ansin ina urlabhraí don National Committee for the Salvation of the People (*Comité national pour le salut du people*, CNSP). Tá Ismaël Wagué freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol. Agus é ina Aire Athmhuintearais ar an Rialtas Idirthréimhseach ó mhí Dheireadh Fómhair 2020, tá Ismaël Wagué i gceannas ar Chomhaontú um Shíocháin agus Athmhuintearas i Mailí a chur i bhfeidhm. Trína ráiteas i mí Dheireadh Fómhair 2021, agus trína easaontú gan staonadh le comhaltaí an Permanent Strategic Framework (*Cadre Stratégique Permanent,* CSP), chuidigh sé le bac a chur ar an Monitoring Committee of the Agreement for Peace and Reconciliation in Mali (*Comité de suivi de l'accord, CSA*), rud a d'fhág gur cuireadh cruinnithe CSA ar fionraí ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go mí Mheán Fómhair 2022. Chuir an staid sin bac ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe sin, atá ar cheann de "misin" aistriú polaitiúil Mhailí dá bhforáiltear in Airteagal 2 den Chairt Idirthréimhseach. Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Ismaël Wagué) i mí na Samhna 2021 de bharr na moille a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil. Tá Ismaël Wagué freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol, agus tá sé freagrach freisin as bac a chur ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil, agus as an mbonn a bhaint de thabhairt chun críche an aistrithe sin.	4.2.2022

▼M8

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
3.	MAÏGA, Choguel	Áit bhreithe: Tabango, Gao, Mailí Dáta breithe: 31.12.1958 Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: pas taidhleoireachta DA0004473, a d'eisigh Mailí, víosa Schengen a eisíodh Inscne: fireann Post: An Príomh-Aire	Agus é ina Phríomh-Aire ó mhí an Mheithimh 2021, is é Choguel Maïga atá i gceannas ar Rialtas Idirthréimhseach Mhailí a bunaíodh tar éis *coup* an 24 Bealtaine 2021. Agus é ag gníomhú ar bhealach a tháinig salach ar amchlár an athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh roimhe seo le ECOWAS i gcomhréir leis an gCairt Idirthréimhseach, d'fhógair sé i mí an Mheithimh 2021 atheagrú na National Consultations for Refoundation (*Assises nationales de la refondation,* ANRanna) mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d'eagrú na dtoghchán a bhí sceidealaithe don 27 Feabhra 2022. Cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta, mar a d'fhógair Choguel Maïga é féin, agus cuireadh moill ar na toghcháin ansin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhaghcatáil. Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthréimhseach amchlár nua lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí na Nollag 2025, rud a cheadaíonn don Rialtas Idirthréimhseach fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. I mí an Mheithimh 2022, chuir an Rialtas Idirthréimhseach clár ama athbhreithnithe faoi bhráid ECOWAS lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí an Mhárta 2024, i.e. níos mó ná 2 bhliain tar éis an spriocdháta a leagtar síos sa Chairt Idirthréimhseach. Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Choguel Maïga) i mí na Samhna 2021 mar gheall ar an moill a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. Chuir ECOWAS i dtreis gur bhain na hÚdaráis Idirthréimhseacha úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar maith a thabhairt le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil. Ina cháil mar Phríomh-Aire, tá Choguel Maïga freagrach go díreach as na toghcháin dá bhforáiltear sa Chairt Idirthréimhseach a chur siar, agus dá bhrí sin, tá bac á chur aige ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údaráis thofa agus tríd an mbonn a bhaint de sin.	4.2.2022

▼M8

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
4.	MAÏGA, Ibrahim Ikassa	Áit bhreithe: Tondibi, réigiún Gao, Mailí Dáta breithe: 5.2.1971 Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: pas taidhleoireachta a d'eisigh Mailí Inscne: fireann Post: Aire an Athbhunaithe	Tá Ibrahim Ikassa Maïga ina chomhalta de choiste straitéiseach M5-RFP (*Mouvement du 5 juin - Rassemblement des forces patriotiques*), a raibh ról lárnach aige i dtreascairt an Uachtaráin Keita. Ina cháil mar Aire an Athbhunaithe ó mhí an Mheithimh 2021, cuireadh de chúram air na National Consultations for Refoundation *(Assises nationales de la Refondation,* ANRanna) a phleanáil, a d'fhógair an Príomh-Aire Choguel Maïga. Agus é ag gníomhú ar bhealach a tháinig salach ar amchlár an athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh le ECOWAS roimhe seo i gcomhréir leis an gCairt Idirthréimhseach, d'fhógair an Rialtas Idirthréimhseach na ANRanna sin mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamh-choinníoll d'eagrú na dtoghchán atá sceidealaithe don 27 Feabhra 2022. Mar a d'fhógair Choguel Maïga, cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta agus cuireadh moill ar na toghcháin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhaghcatáil. Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthréimhseach amchlár nua lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí na Nollag 2025, rud a cheadaíonn don Rialtas Idirthréimhseach fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. I mí an Mheithimh 2022, chuir an Rialtas Idirthréimhseach clár ama athbhreithnithe faoi bhráid ECOWAS lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí an Mhárta 2024, i.e. níos mó ná 2 bhliain tar éis an spriocdháta a leagtar síos sa Chairt Idirthréimhseach. Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Ibrahim Ikassa Maïga) i mí na Samhna 2021, mar gheall ar an moill a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. Chuir ECOWAS i dtreis gur bhain na hÚdaráis Idirthréimhseacha úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar maith a thabhairt le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil. Ina cháil mar Aire an Athbhunaithe, tá bac á chur ag Ibrahim Ikassa Maïga ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údaráis thofa agus tríd an mbonn a bhaint de sin.	4.2.2022

▼M8

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
5.	DIARRA, Adama Ben (dá ngairtear freisin Ben Le Cervau)	Áit bhreithe: Kati, Mailí Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: pas taidhleoireachta a d'eisigh Mailí, víosa Schengen a eisíodh Inscne: fireann Post: Comhalta den National Transition Council (orgán reachtach aistriú polaitiúil Mhailí)	Tá Adama Ben Diarra, dá ngairtear Camarade Ben Le Cervau, ar dhuine de cheannairí óga M5-RFP (*Mouvement du 5 juin-Rassemblement des Forces Patriotiques*), a raibh ról lárnach aige i dtreascairt an Uachtaráin Keita. Tá Adama Ben Diarra ina cheannaire ar Yéréwolo freisin, an phríomhea-graíocht atá ag tacú leis na hÚdaráis Idirthréimhseacha, agus ina chomhalta den National Transitional Council (CNT) ón 3 Nollaig 2021. Níor éirigh le CNT na "misin" atá cumhdaithe sa Chairt Idirthréimhseach dar dáta agus a bhí le críochnú laistigh de 18 mí a chur i gcrích in am trátha, mar is léir ón moill a bhí ar CNT an dréachtbhille toghcháin a fhormhuiniú. Chuidigh an moill sin le moill a chur ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, moill ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil. Ina theannta sin, leis an mbille nua togh-cháin, a ghlac CNT ar deireadh an 17 Meitheamh 2022 agus a foilsíodh in Iris Oifigiúil Phoblacht Mhailí an 24 Meitheamh 2022, ceadaítear don Uachtarán Idirthréimhseach agus don Leas-Uachtarán Idirthréimhseach agus do chomhaltaí an Rialtais Idirthréimhsigh a bheith ina n-iarrthóirí sna toghcháin uachtaránachta agus reachtacha, rud atá ag teacht salach ar an gCairt Idirthréimhseach. Bíonn Adama Ben Diarra go gníomhach ag moladh agus ag tacú le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí i rith slógaí polaitiúla agus ar ghréasáin shóisialta, agus é ag rá go bhfuil sé mar aidhm dhiongbháilte ag muintir Mhailí an idirthréimhse 5 bliana a mhol na hÚdaráis Idirthréimhseacha tar éis na National Consultations for Refoundation (*Assises nationales de la Refondation,* ANRanna). Agus é ag gníomhú ar bhealach a tháinig salach ar amchlár an athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh le ECOWAS roimhe seo i gcomhréir leis an gCairt Idirthréimhseach, d'fhógair an Rialtas Idirthréimhseach na ANRanna mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d'eagrú na dtoghchán atá sceidealaithe don 27 Feabhra 2022. Mar a d'fhógair Choguel Maïga, cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta agus cuireadh moill ar na toghcháin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhaghcatáil.	4.2.2022

▼M8

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthréimhseach amchlár nua lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí na Nollag 2025, agus lena gceadaítear do na húdaráis Idirthréimhseacha fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. I mí an Mheithimh 2022, chuir an Rialtas Idirthréimhseach clár ama athbhreithnithe faoi bhráid ECOWAS lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí an Mhárta 2024, i.e. níos mó ná 2 bhliain tar éis an spriocdháta a leagtar síos sa Chairt Idirthréimhseach. Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Adama Ben Diarra) i mí na Samhna 2021 de bharr na moille a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. Chuir ECOWAS i dtreis gur bhain na hÚdaráis Idirthréimhseacha úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar maith a thabhairt le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil. Dá bhrí sin, tá bac á chur ag Adama Ben Diarra ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údaráis thofa, agus tríd an mbonn a bhaint de sin.	

▼M9

6.	Ivan Aleksandrovitch MASLOV Иван Александрович МАСЛОВ	Dáta breithe: 11.7.1982 nó 3.1.1980 Áit bhreithe: Arkhangelsk / Chuguevka village, Chuguev district, Primorsky territory Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Feidhm: Ceann an Ghrúpa Wagner i Mailí Seoladh: Anaithnid, cláraithe sa bhaile Shatki, sa réigiún Nizhni Novgorod de réir “All eyes on Wagner”	Is é Ivan Aleksandrovitch Maslov ceann an Ghrúpa Wagner i Mailí, a bhfuil a láithreacht sa tír méadaithe ó dheireadh 2021 i leith. Cuireann láithreacht Wagner i Mailí síocháin, slándáil agus cobhsaíocht na tíre i mbaol. Go háirithe, bhí saighdiúirí tuarastail Wagner páirteach i ngníomhartha foréigin agus i sáruithe iomadúla chearta an duine i Mailí, lena n-áirítear maruithe seachbhreithiúnacha, mar a rinneadh le linn an “Moura massacre” ag deireadh mhí an Mhárta 2022. Mar cheannaire áitiúil an Ghrúpa Wagner, dá bhrí sin, tá Ivan Maslov freagrach as gníomhaíochtaí an Ghrúpa Wagner a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhailí i mbaol, go háirithe rannpháirtíocht an ghrúpa sin i ngníomhartha foréigin agus i sáruithe chearta an duine.	25.2.2023

▼M8

B. Liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintitis agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2a(1)

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1.	DIAW, Malick	Áit bhreithe: Ségou Dáta breithe: 2.12.1979 Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: B0722922 bailí go dtí an 13.8.2018 Inscne: fireann Post: Uachtarán an National Transition Council (orgán reachtach aistriú polaitiúil Mhailí), Coirnéal	Tá Malick Diaw ina bhall lárnach de chiorcal inmheánach an Choirnéil Assimi Goïta. Agus é ina cheann foirne ar an tríú réigiún míleata, is é sin Kati, bhí sé ar dhuine de ghríosóirí agus de cheannairí an *coup* a rinneadh an 18 Lúnasa 2020, in éineacht leis an Maor-Choirnéal Ismaël Wagué, an Coirnéal Assimi Goïta, an Coirnéal Sadio Camara agus an Coirnéal Modibo Koné. Tá Malick Diaw freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí nó beartais a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol. Is príomhghníomhaí i gcomhthéacs aistriú polaitiúil Mhailí é Malick Diaw freisin agus é ina Uachtarán ar an National Transition Council (CNT), comhlacht reachtach an Aistrithe, ó mhí na Nollag 2020. Níor éirigh le CNT na "misin" atá cumhdaithe sa Chairt Idirthréimhseach dar dáta an 1 Deireadh Fómhair 2020 ("Cairt Idirthréimhseach") agus ba cheart a chríochnú laistigh de 18 mí a chur i gcrích in am trátha, mar is léir ón moill a bhí ar CNT an dréachtbhille toghcháin a fhormhuiniú. Chuidigh an moill sin le moill a chur ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, moill ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil. Ina theannta sin, leis an mbille nua toghcháin, a ghlac CNT ar deireadh an 17 Meitheamh 2022 agus a foilsíodh in Iris Oifigiúil Phoblacht Mhailí an 24 Meitheamh 2022, ceadaítear don Uachtarán Idirthréimhseach, don Leas-Uachtarán Idirthréimhseach agus do chomhaltaí an Rialtais Idirthréimhsigh a bheith ina n-iarrthóirí sna toghcháin uachtaránachta agus reachtacha, rud atá ag teacht salach ar an gCairt Idirthréimhseach. Ghlac Comhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar (ECOWAS) smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Malick Diaw) i mí na Samhna 2021 de bharr na moille a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil. Dá bhrí sin, tá Malick Diaw ag cur bac ar chur i gcrích rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus ag baint an bhoinn den chur i gcrích sin.	4.2.2022

▼M8

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2.	WAGUÉ, Ismaël	Áit bhreithe: Bamako Dáta breithe: 2.3.1975 Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: pas taidhleoireachta AA0193660 bailí go dtí an 15.2.2023 Inscne: fireann Post: An tAire Athmhuintearais, Maor-Choirnéal	Tá an Maor-Choirnéal Ismaël Wagué ina chomhalta lárnach de chiorcal inmheánach an Choirnéil Assimi Goïta, agus bhí sé ar dhuine de ghríosóirí an *coup* an 18 Lúnasa 2020, in éineacht leis an gCoirnéal Goïta, an Coirnéal Sadio Camara, an Coirnéal Modibo Koné agus an Coirnéal Malick Diaw. An 19 Lúnasa 2020, d'fhógair sé go raibh an t-arm tagtha i gcumhacht, agus bhí sé ansin ina urlabhraí don National Committee for the Salvation of the People (*Comité national pour le salut du people*, CNSP). Tá Ismaël Wagué freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol. Agus é ina Aire Athmhuintearais ar an Rialtas Idirthréimhseach ó mhí Dheireadh Fómhair 2020, tá Ismaël Wagué i gceannas ar Chomhaontú um Shíocháin agus Athmhuintearas i Mailí a chur i bhfeidhm. Trína ráiteas i mí Dheireadh Fómhair 2021, agus trína easaontú gan staonadh le comhaltaí an Permanent Strategic Framework (*Cadre Stratégique Permanent,* CSP), chuidigh sé le bac a chur ar an Monitoring Committee of the Agreement for Peace and Reconciliation in Mali (*Comité de suivi de l'accord, CSA*), rud a d'fhág gur cuireadh cruinnithe CSA ar fionraí ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go mí Mheán Fómhair 2022. Chuir an staid sin bac ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe sin, atá ar cheann de "misin" aistriú polaitiúil Mhailí dá bhforáiltear in Airteagal 2 den Chairt Idirthréimhseach. Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Ismaël Wagué) i mí na Samhna 2021 de bharr na moille a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil. Tá Ismaël Wagué freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol, agus tá sé freagrach freisin as bac a chur ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil, agus as an mbonn a bhaint de thabhairt chun críche an aistrithe sin.	4.2.2022

▼M8

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
3.	MAÏGA, Choguel	Áit bhreithe: Tabango, Gao, Mailí Dáta breithe: 31.12.1958 Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: pas taidhleoireachta DA0004473, a d'eisigh Mailí, víosa Schengen a eisíodh Inscne: fireann Post: An Príomh-Aire	Agus é ina Phríomh-Aire ó mhí an Mheithimh 2021, is é Choguel Maïga atá i gceannas ar Rialtas Idirthréimhseach Mhailí a bunaíodh tar éis *coup* an 24 Bealtaine 2021. Agus é ag gníomhú ar bhealach a tháinig salach ar amchlár an athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh roimhe seo le ECOWAS i gcomhréir leis an gCairt Idirthréimhseach, d'fhógair sé i mí an Mheithimh 2021 atheagrú na National Consultations for Refoundation (*Assises nationales de la refondation,* ANRanna) mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d'eagrú na dtoghchán a bhí sceidealaithe don 27 Feabhra 2022. Cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta, mar a d'fhógair Choguel Maïga é féin, agus cuireadh moill ar na toghcháin ansin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhaghcatáil. Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthréimhseach amchlár nua lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí na Nollag 2025, rud a cheadaíonn don Rialtas Idirthréimhseach fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. I mí an Mheithimh 2022, chuir an Rialtas Idirthréimhseach clár ama athbhreithnithe faoi bhráid ECOWAS lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí an Mhárta 2024, i.e. níos mó ná 2 bhliain tar éis an spriocdháta a leagtar síos sa Chairt Idirthréimhseach. Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Choguel Maïga) i mí na Samhna 2021 mar gheall ar an moill a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. Chuir ECOWAS i dtreis gur bhain na hÚdaráis Idirthréimhseacha úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar maith a thabhairt le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil. Ina cháil mar Phríomh-Aire, tá Choguel Maïga freagrach go díreach as na toghcháin dá bhforáiltear sa Chairt Idirthréimhseach a chur siar, agus dá bhrí sin, tá bac á chur aige ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údaráis thofa agus tríd an mbonn a bhaint de sin.	4.2.2022

▼M8

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
4.	MAÏGA, Ibrahim Ikassa	Áit bhreithe: Tondibi, réigiún Gao, Mailí Dáta breithe: 5.2.1971 Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: pas taidhleoireachta a d'eisigh Mailí Inscne: fireann Post: Aire an Athbhunaithe	Tá Ibrahim Ikassa Maïga ina chomhalta de choiste straitéiseach M5-RFP (*Mouvement du 5 juin - Rassemblement des forces patriotiques*), a raibh ról lárnach aige i dtreascairt an Uachtaráin Keita. Ina cháil mar Aire an Athbhunaithe ó mhí an Mheithimh 2021, cuireadh de chúram air na National Consultations for Refoundation *(Assises nationales de la Refondation,* ANRanna) a phleanáil, a d'fhógair an Príomh-Aire Choguel Maïga. Agus é ag gníomhú ar bhealach a tháinig salach ar amchlár an athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh le ECOWAS roimhe seo i gcomhréir leis an gCairt Idirthréimhseach, d'fhógair an Rialtas Idirthréimhseach na ANRanna sin mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamh-choinníoll d'eagrú na dtoghchán atá sceidealaithe don 27 Feabhra 2022. Mar a d'fhógair Choguel Maïga, cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta agus cuireadh moill ar na toghcháin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhaghcatáil. Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthréimhseach amchlár nua lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí na Nollag 2025, rud a cheadaíonn don Rialtas Idirthréimhseach fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. I mí an Mheithimh 2022, chuir an Rialtas Idirthréimhseach clár ama athbhreithnithe faoi bhráid ECOWAS lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí an Mhárta 2024, i.e. níos mó ná 2 bhliain tar éis an spriocdháta a leagtar síos sa Chairt Idirthréimhseach. Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Ibrahim Ikassa Maïga) i mí na Samhna 2021, mar gheall ar an moill a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. Chuir ECOWAS i dtreis gur bhain na hÚdaráis Idirthréimhseacha úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar maith a thabhairt le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil. Ina cháil mar Aire an Athbhunaithe, tá bac á chur ag Ibrahim Ikassa Maïga ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údaráis thofa agus tríd an mbonn a bhaint de sin.	4.2.2022

▼M8

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
5.	DIARRA, Adama Ben (dá ngairtear freisin Ben Le Cervau)	Áit bhreithe: Kati, Mailí Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: pas taidhleoireachta a d'eisigh Mailí, víosa Schengen a eisíodh Inscne: fireann Post: Comhalta den National Transition Council (orgán reachtach aistriú polaitiúil Mhailí)	Tá Adama Ben Diarra, dá ngairtear Camarade Ben Le Cervau, ar dhuine de cheannairí óga M5-RFP (*Mouvement du 5 juin-Rassemblement des Forces Patriotiques*), a raibh ról lárnach aige i dtreascairt an Uachtaráin Keita. Tá Adama Ben Diarra ina cheannaire ar Yéréwolo freisin, an phríomhea-graíocht atá ag tacú leis na hÚdaráis Idirthréimhseacha, agus ina chomhalta den National Transitional Council (CNT) ón 3 Nollaig 2021. Níor éirigh le CNT na "misin" atá cumhdaithe sa Chairt Idirthréimhseach dar dáta agus a bhí le críochnú laistigh de 18 mí a chur i gcrích in am trátha, mar is léir ón moill a bhí ar CNT an dréachtbhille toghcháin a fhormhuiniú. Chuidigh an moill sin le moill a chur ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, moill ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil. Ina theannta sin, leis an mbille nua togh-cháin, a ghlac CNT ar deireadh an 17 Meitheamh 2022 agus a foilsíodh in Iris Oifigiúil Phoblacht Mhailí an 24 Meitheamh 2022, ceadaítear don Uachtarán Idirthréimhseach agus don Leas-Uachtarán Idirthréimhseach agus do chomhaltaí an Rialtais Idirthréimhsigh a bheith ina n-iarrthóirí sna toghcháin uachtaránachta agus reachtacha, rud atá ag teacht salach ar an gCairt Idirthréimhseach. Bíonn Adama Ben Diarra go gníomhach ag moladh agus ag tacú le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí i rith slógaí polaitiúla agus ar ghréasáin shóisialta, agus é ag rá go bhfuil sé mar aidhm dhiongbháilte ag muintir Mhailí an idirthréimhse 5 bliana a mhol na hÚdaráis Idirthréimhseacha tar éis na National Consultations for Refoundation (*Assises nationales de la Refondation,* ANRanna). Agus é ag gníomhú ar bhealach a tháinig salach ar amchlár an athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh le ECOWAS roimhe seo i gcomhréir leis an gCairt Idirthréimhseach, d'fhógair an Rialtas Idirthréimhseach na ANRanna mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d'eagrú na dtoghchán atá sceidealaithe don 27 Feabhra 2022. Mar a d'fhógair Choguel Maïga, cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta agus cuireadh moill ar na toghcháin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhaghcatáil. Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthréimhseach amchlár nua lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí na Nollag 2025, agus lena gceadaítear do na húdaráis Idirthréimhseacha	4.2.2022

▼M8

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. I mí an Mheithimh 2022, chuir an Rialtas Idirthréimhseach clár ama athbhreithnithe faoi bhráid ECOWAS lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí an Mhárta 2024, i.e. níos mó ná 2 bhliain tar éis an spriocdháta a leagtar síos sa Chairt Idirthréimhseach. Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Adama Ben Diarra) i mí na Samhna 2021 de bharr na moille a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. Chuir ECOWAS i dtreis gur bhain na hÚdaráis Idirthréimhseacha úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar maith a thabhairt le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil. Dá bhrí sin, tá bac á chur ag Adama Ben Diarra ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údaráis thofa, agus tríd an mbonn a bhaint de sin.	

▼M9

6.	Ivan Aleksandrovitch MASLOV Иван Александрович МАСЛОВ	Dáta breithe: 11.7.1982 nó 3.1.1980 Áit bhreithe: Arkhangelsk / Chuguevka village, Chuguev district, Primorsky territory Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Feidhm: Ceann an Ghrúpa Wagner i Mailí Seoladh: Anaithnid, cláraithe sa bhaile Shatki, sa réigiún Nizhni Novgorod de réir “All eyes on Wagner”	Is é Ivan Aleksandrovitch Maslov ceann an Ghrúpa Wagner i Mailí, a bhfuil a láithreacht sa tír méadaithe ó dheireadh 2021 i leith. Cuireann láithreacht Wagner i Mailí síocháin, slándáil agus cobhsaíocht na tíre i mbaol. Go háirithe, bhí saighdiúirí tuarastail Wagner páirteach i ngníomhartha foréigin agus i sáruithe iomadúla chearta an duine i Mailí, lena n-áirítear maruithe seachbhreithiúnacha, mar a rinneadh le linn an “Moura massacre” ag deireadh mhí an Mhárta 2022. Mar cheannaire áitiúil ar an ngrúpa Wagner, dá bhrí sin, tá Ivan Maslov freagrach as gníomhaíochtaí an Ghrúpa Wagner a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhailí i mbaol, go háirithe rannpháirtíocht an ghrúpa sin i ngníomhartha foréigin agus i sáruithe chearta an duine.	25.2.2023